



Tionól Réigiúnach
an Deiscirt

Southern Regional
Assembly

Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis Airgeadais

2025



Clár na nÁbhar

Réamhrá an Chathaoirligh	6
Réamhrá an Stiúrthóra	7
Forléargas	8
Cúlra	9
Freagrachtaí	9
Feidhmeanna	10
Uasdátú Corparáideach	12
Ballraíocht an Tionóil	13
Cruinnuithe agus Tinreamh	15
Cainteoirí Seachtracha agus Cainteoirí Tionóil ag Cruinnithe Tionóil 2025	16
Tinreamh Comhdhála, Seimineáir agus Oiliúna 2025	18
Turas Staidéir na gComhaltaí go dtí an Bhruiséil	20
Ionadaithe Choiste Faireacháin Chláir an Aontais Eorpaigh	21
Ionadaithe ó Choiste na Réigiún - Réigiún an Deiscirt	21
Ionadaithe ó Chumann Réigiúin na hÉireann	21
Cruinniú Bliantúil agus Toghadh an Chathaoirligh	22
Buaicphointí Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2025	23
Foilseacháin 2025	29
Cumarsáid ar Líne	29
Gníomh Aeráide	30
Saoráil Faisnéise	33
Cosaint Sonraí	33
An Ghaeilge	33
Nuashonrú maidir le hAcmhainní Daonna	33
Dualgas Earnála Poiblí	35
Sláinte agus Sábháilteacht	35
Nuashonrú ar Phlean Corparáideach 2025 – 2029	36
Réamhrá	36
Dul chun cinn in 2025	37
Pleanáil Réigiúnach	40
Forléargas	41
Straitéis Réigiúnach Spásúla agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt	41
Gníomhartha Chur Chun Feidhme	41

Clár na nÁbhar

Gníomhaíochtaí, Dul Chun Cinn agus Clocha Míle in 2025	41
Ionadaíocht ar an ndearcadh agus ar an gcaidreamh gníomhach réigiúnach	49
Aighneachtaí 2025	50
Cláir Réigiúnacha CFRE	52
Forléargas	53
Seachadadh Cláir	53
Athbhreithniú Méantréimhseach agus Clár Réigiúnach athbhreithnithe	55
Cláir an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (CCE)	56
Forléargas	57
Rialú Céadleibhéil (RCL)	57
Líonra an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (CCE)	60
Forléargas	61
Interreg VB: Comhar Trasnáisiúnta	62
Interreg Iarthuaisceart na hEorpa	62
Interreg Limistéar an Atlantaigh	64
Interreg an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh	64
Interreg na hEorpa	65
URBACT	66
Tionscadail AE	68
ROBIN	69
TALENT4S3	70
FutureECOS	70
S3ADAPT	71
SMOOTY	72
PROXIMITIES	73
Comhar i Muir Éireann a Fhorbairt	74
Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann	76
Coiste na Réigiún	80
Ráitis Airgeadais Bhliantúla	82
Foireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2025	84
Aguisíní	85



Réamhrá an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom, mar Chathaoirleach, Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2025 do Thionól Réigiúnach an Deiscirt a chur i láthair. Mar Thionól, cuirimid ardán réigiúnach ar fáil trínar féidir le heagraíochtaí náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha comhordú laistigh de chomhthéacs an bheartais náisiúnta. Sa tuarascáil seo, leagtar béim ar an gcaoi a gcumasaíonn ár n-obair an comhoibriú sin agus lena ligtear dúinn ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

In 2025 cheiliúr an Tionól a dheichiú bliain agus cuireadh sin os comhair an phobail ag imeacht ar leith i bPort Láirge ar Lá na hEorpa. Ag an imeacht bhí spás taispeántais ina raibh roinnt de na tionscadail agus na tionscnaimh a sheas amach arna threorú nó arna thacú ag an Tionól le linn a dheich mbliana ar taispeáint.

Glacadh le Plean Corparáideach nua, lena ligtear don Tionól leanúint le réigiún atá nasctha, iomaíoch, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a mhúnlú. Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh an Aire Stáit Rialtais Áitiúil agus Pleanála, John Cummins TD, chun an Plean Corparáideach nua a sheoladh go foirmiúil, agus chun na dúshlán atá inár réigiún a phlé trí fhás daonra, seachadadh tithíochta agus soláthar bonneagair ar ardchaighdeán.

Tá tábhacht níos mó tagtha ar fheidhmeanna na dTionól Réigiúnach mar leibhéal réigiúnach an rialtais agus mar phríomhchosantóir an dearcaidh réigiúnaigh i bhforbairt eacnamaíochta agus spásúil. In 2025 bhí athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus leag an Tionól, ina aighneacht, béim ar na difríochtaí suntasacha atá ann fós san infheistíocht chaipitil ar fud na réigiún.

Chomh maith leis sin, d'fhreastail Comhaltaí an Tionóil ar chruinnithe Ceantair Pleanála Straitéisigh i suíomhanna ar fud ár réigiún chun an t-athbhreithniú ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach a phlé.

Ba mhór an onóir dom labhairt le Lónra Eorpach na gCeannasaithe Údarás Bainistíochta nuair a tháinig siad le chéile i gCill Chainnigh do imeacht mhórchistí an AE chun dul i mbun plé le piaraí



maidir le réimse saincheisteanna straitéiseacha, smaointe spreagúla agus réitigh chomónta ar mhaithe le torthaí níos éifeachtaí an Bheartais Chomhtháthaithe a bhaint amach.

Ba phribhléid é chomh maith freastal ar sheoladh oifigiúil Phort Láirge mar Chathair Foghlama EOECA. Is aitheantas domhanda é sin lena gceiliúrtar Port Láirge mar ionad don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ionad nuálaíochta agus lena léirítear dul chun cinn den scoth ó thaobh cur chun cinn deiseanna ar ardchaighdeán don fhoghlaim ar feadh an tsaoil do chách de.

Leanann ár gcruinnithe míosúla reachtúla ar aghaidh mar fhóram tábhachtach don phlé agus don chomhoibriú, áit a mbíonn díospóidí faoi Fhuinneamh, faoin mBonneagar, faoin Aeráid, faoi Chúrsaí Tithíochta agus faoi Thionscadail AE, roinnt de na topaicí tábhachtacha a cuireadh i láthair in 2025.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo Chomhaltaí Tionóil as a gcuid oibre luachmhar le linn na bliana ag ár gcruinnithe míosúla agus as ionadaíocht a dhéanamh don Tionól ag cruinnithe agus imeachtaí éagsúla. Ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an Leas-Chathaoirleach, an Comhairleoir Peggy Ryan, as a tacaíocht chomh maith.

Gabhaim mo bhuíochas ó chroí le David Kelly agus a fhoireann as a gcuid oibre leanúnach thar fheidhmeanna go léir Thionól Réigiúnach an Deiscirt.

Cllr. Andrew McGuinness

Cathaoirleach

Réamhrá an Stiúrthóra

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2025 a chur i láthair. I mbliana, cheiliúramar deich mbliana den Tionól agus sheolamar Plean Corparáideach nua don tréimhse 2025 – 2029, léiriú soiléir dár n-uaimhian le bheith mar spreagadh i bhforbairt réigiúnach atá inbhuanaithe, nasctha agus iomaíoch.

Sheol an Tionól dhá thionscadal Interreg nua – SMOOTY agus S3Adapt. Tacaíonn SMOOTY le soghluaisteacht idir-réigiúnach fheabhsaithe, inrochtaineacht, agus réitigh iompair inbhuanaithe i réigiúin tuaithe agus ísealdlúis, agus comhtháthaíonn S3ADAPT Speisialtóireacht Chliste le hoiriúnú aeráide, lena dtacaítear le tosaíochtaí an Phlean Chorporáidigh de ghníomhú ar son na haeráide, athléimneacht agus ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise.

Agus an chéad athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála i bhfeidhm agus le tús an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024, tá an Tionól Réigiúnach i mbun ullmhúcháin d'Athbhreithniú na Straitéise Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnaí le haghaidh Réigiún an Deiscirt. Cuirfear tús leis sin go foirmiúil go luath in 2026 agus cuirfear deis ar fáil leis chun an straitéis a nuashonrú agus a athnuachan go 2040.

Osclaíodh an dara gairm ar iarratais faoi Shraith 2 de THRIVE - Scéim Athbheochana Oidhreacht Lár an Bhaile ar dTús, lena ndírítear ar athchóiriú agus úsáid oiriúnach foirgnimh oidhreacht atá folamh nó tréigthe, agus seachadadh tionscadal píolótach agus fionnachtaí chun folús agus foirgnimh thréigthe i lár baile a laghdú.

Ghlac seisear Comhaltaí an Tionóil agus beirt bhall foirne páirt i dturas staidéir dhá lá go dtí an Bhruiséil agus fuair siad léargas luachmhar faoin gcaoi is féidir le réigiúin páirt a ghlacadh i mBeartas Comhtháthaithe, i bpróisis reachtaíochta an AE, feidhmeanna institiúidí an AE, agus ról Choiste na Réigiún. I bParlaimint na hEorpa, bhuail an toscaireacht le ceathrar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ó thoghcheantar



Dheisceart na hÉireann agus phléigh siad réimse leathan topaicí.

Cuireadh athbhreithniú meántéarmach Chlár Réigiúnach CFRE i gcrích in 2025 agus bhí roinnt leasuithe ar an gclár mar gheall air, lena n-áirítear scéim beartaithe do thithíocht inacmhainne. Bhí sé sin mar fhreagairt ar na tosaíochtaí nua beartaithe ag an gCoimisiún, tá sé ag teacht le tosaíochtaí náisiúnta agus lena ligtear dúinn tionscadail tithíochta a mhaoiniú trí mheán ár gClár CFRE den chéad uair. Eiseofar gairm ar thairiscintí in 2026.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár gCathaoirligh, an Comhairleoir Andrew McGuinness agus an Comhairleoir Ken Murnane, as a gcuid ama agus an méid a rinne siad i gcaitheamh na bliana. Gabhaim buíochas le foireann an Tionóil chomh maith as a gcuid tiomantais agus díograis leis an gclár oibre bliantúil in 2025 a chur i gcrích go rathúil.

Cuirim fáilte roimh na baill foirne nua a thosaigh leis an Tionól in 2025 agus gabhaim buíochas leo siúd atá imithe sa tóir ar dheiseanna eile.

Táim ag tnúth le caidreamh gníomhach leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear údarais áitiúla, ranna agus gníomhaireachtaí an rialtais agus an earnáil oideachais tríú leibhéal de réir mar a leanann ról an Tionóil ag forbairt chun tacú leis an réigiún.

David Kelly
Stiúrthóir



Forléargas

Cúlra

In 2014 rinne an Rialtas leasú suntasach ar an [Acht Rialtais Áitiúil](#) agus rinne sé cuíchóiriú ar an leibhéal réigiúnach trí dheireadh a chur leis na hocht nÚdarás Réigiúnach (freagrach as cúrsaí pleanála go príomha) agus an dá Chomhthionól Réigiúnacha a bhí ann cheana (freagrach as cúrsaí an AE go príomha), agus le trí Thionól Réigiúnacha a bhfuil freagrachtaí feabhsaithe orthu a chur ina n-ionad:

- Tionól Réigiúnach an Deiscirt
- Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre
- Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair



Comhaltáí Thionól Réigiúnach an Deiscirt

Freagrachtaí

Ní mór do Chomhthionól Réigiúnach an Deiscirt aird a thabhairt ar leas ginearálta an réigiúin a shonraíonn an t-ordú mar a n-áirítear:

- Staid fhisiceach, eacnamaíoch, shóisialta, dhéimeagrafach, infrastruchtúir agus chomhshaoil an réigiúin, a acmhainn eacnamaíoch agus eile forbartha, agus a acmhainní comhshaoil, oidhreachta, taitneamhachta agus cultúrtha a chosaint nó a fheabhsú.
- Cláir, pleananna, beartais, moltaí, agus cuspóirí an Rialtais agus Aire ar bith den Rialtas agus údarás áitiúil agus údarás poiblí eile, de réir mar is cuí, agus an gá atá le comhordú agus/nó comhsheasmhacht leo a chur chun cinn.
- Na hacmhainní atá ar fáil, nó is dócha a bheidh ar fáil, chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.
- An gá sonrach le gníomhaíocht chomhordaithe chun éifeachtacht a chur chun cinn sa rialtas áitiúil agus i seirbhísí poiblí, chun comhsheasmhacht le cláir, pleananna, beartais, tograí, agus cuspóirí an Rialtais nó Aire an Rialtais a chur chun cinn, agus chun pleanáil spásúlachta chomhleanúnach agus forbairt inbhuanaithe laistigh de réigiúin agus eatarthu a chinntiú.

Feidhmeanna

Cuireann Tionól Réigiúnach an Deiscirt leibhéal réigiúnach rialtais in Éirinn agus naisc an AE, agus leibhéal náisiúnta agus áitiúla trí phleanáil réigiúnach spásúil agus gheilleagrach agus clár na hEorpa ar fáil ar mhaithe le leas an Réigiúin.

Bíonn an Tionól i mbun caidreamh gníomhach leis an rialtas náisiúnta, le gníomhaireachtaí stáit, le húdaráis áitiúla, agus le páirtithe leasmhara ón earnáil phríobháideach agus ón tríú hearnáil ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus an AE maidir lena fheidhmeanna reachtúla.

Tá freagrachtaí ar an Tionól a bhfuil sainordú daonlathach leagtha síos aige faoi théarmaí [lonstraim Reachtúil Uimhir 573 de 2014, an tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 \(Comhthionóil Réigiúnacha\) \(Bunú\), 2014.](#)




Foireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt ag an gCruinniú Cinn Bliana, Iúil 2025

Áirítear ar fheidhmeanna foirmiúla na dTionól Réigiúnach:

- Foirmliú, glacadh agus cur chun feidhme na Straitéise Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnaí reachtúla agus Phlean Straitéiseach na gCeantar Cathrach do Chorcaigh, Luimneach agus Port Láirge. Cuirtear an creat ar fáil leis na straitéisí sin chun pleananna forbartha cathrach agus contae agus Pleananna Pobail Eacnamaíochta Áitiúla a chomhtháthú.
- Bainistíocht ar chlár oibríochtúla réigiúnacha an AE, rannpháirtíocht i gclár Chomhoibrithe idir Chríocha Eorpacha, tacú le toscaireacht náisiúnta na hÉireann chuig Coiste na Réigiún, rannpháirtíocht tionscadail AE, agus gníomhaíochtaí eile AE atá dírithe ar an réigiún.
- Éascú agus soláthar cúnamh d'údaráis áitiúla chun dul i dteagmháil le hinstiitúidí an AE ar ábhair a bhaineann le forbairt réigiúnach agus áitiúil.

- Ardán réigiúnach a sholáthar trínar féidir comhlachtaí poiblí náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha, agus gníomhaireachtaí eile a chomhordú laistigh de chomhthéacs an bheartais náisiúnta.
- Chomh maith leis sin, is féidir le Tionóil Réigiúnacha tabhairt faoi staidéir taighde, suirbhéanna, nó bailiú faisnéise, sonraí, nó staitisticí, maidir le haon cheann dá fheidhmeanna nó ar ábhar ar bith lena mbaineann feidhmeanna an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.



Uasdátú
Corparáideach

Ballraíocht an Tionóil



**An Comhairleoir
Andrew McGuinness**
Cathaoirleach - Comhairle
Contae Chill Chainnigh



An Comhairleoir Peggy Ryan
Leas-Chathaoirleach -
Comhairle Contae
Thiobraid Árann



**An Comhairleoir
Ken Murnane**
Comhairle Contae Cheatharlach



An Comhairleoir Ben Ward
Comhairle Contae
Cheatharlach



**An Comhairleoir
Clare Colleran Molloy**
Comhairle Contae an Chláir,
(Coiste na Réigiúin)



An Comhairleoir Tony O'Brien
Comhairle Contae an Chláir



An Comhairleoir Bill Slattery
Comhairle Contae an Chláir



**An Comhairleoir
Dan Boyle**
Comhairle Cathrach Chorcaí,
(Coiste na Réigiúin)



**An Comhairleoir
Fergal Dennehy**
Comhairle Cathrach Chorcaí,
(Coiste na Réigiúin)



**An Comhairleoir
Joe Kavanagh**
Comhairle Cathrach Chorcaí



**An Comhairleoir
Kieran McCarthy**
Comhairle Cathrach Chorcaí,
(Coiste na Réigiúin)



**An Comhairleoir
Terry Shannon**
Comhairle Cathrach Chorcaí



**An Comhairleoir
Anthony Barry**
Comhairle Cathrach Chorcaí



**An Comhairleoir
Alan Coleman**
Comhairle Cathrach Chorcaí



**An Comhairleoir
Gillian Coughlan**
Comhairle Cathrach Chorcaí
(Coiste na Réigiúin)



**An Comhairleoir
Deirdre Kelly**
Comhairle Cathrach Chorcaí



**An Comhairleoir
Kay Dawson**
Comhairle Cathrach Chorcaí



**An Comhairleoir
Sheila O'Callaghan**
Comhairle Cathrach Chorcaí



**An Comhairleoir
Norma Moriarty**
Comhairle Contae Chiarraí



**An Comhairleoir
Niall Botty O'Callaghan**
Comhairle Contae Chiarraí



**An Comhairleoir
Bobby O'Connell**
Comhairle Contae Chiarraí



**An Comhairleoir
John Brennan**
Comhairle Contae Chill Chainnigh



**An Comhairleoir
Michael Collins**
Comhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh



**An Comhairleoir
Frankie Daly**
Comhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh



**An Méara
John Moran**
Comhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh



**An Comhairleoir
John Sheahan**
Comhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh



**An Comhairleoir
Joe Hannigan**
Comhairle Contae Thiobraid
Árann, (Coiste na Réigiúin)



**An Comhairleoir
Máirín McGrath**
Comhairle
Contae Thiobraid Árann



**An Comhairleoir
Michael Smith**
Comhairle
Contae Thiobraid Árann



**An Comhairleoir
Jim D'Arcy**
Comhairle Cathrach agus
Contae Phort Láirge



**An Comhairleoir
Thomas Phelan**
Comhairle Cathrach agus
Contae Phort Láirge



**An Comhairleoir
Pip Breen**
Comhairle
Contae Loch Garman



**An Comhairleoir
Barbara Anne Murphy**
Comhairle
Contae Loch Garman



**An Comhairleoir
Bridín Murphy**
Comhairle Contae Loch Garman,
(Coiste na Réigiúin)



**An Comhairleoir
Oliver Walsh**
Comhairle
Contae Loch Garman

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach

Cathaoirleach

Eanáir: An Comhairleoir Garret Kelleher
Feabhra – Iúil: An Comhairleoir Ken Murnane
Iúil – Nollaig: An Comhairleoir Andrew McGuinness


Leas-Chathaoirleach

Eanáir – Iúil: An Comhairleoir John Sheahan
Iúil – Nollaig: An Comhairleoir Peggy Ryan



Foireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt ag seoladh an Phlean Chorpáraidigh, Bealtaine 2025

Cleamhnacht Pholaitiúil agus Cothromaíocht Inscne




Cruinnuithe agus Tinreamh


Tagann Tionól Réigiúnach an Deiscirt le chéile an dara hAoine den mhí (seachas i Lúnasa) dá Ghnáthchruinnithe. Bíonn an Cruinniú Cinn Bliana ar siúl in Iúil.

Gnáthchruinnithe 2025	10 Eanáir	14 Feabhra	14 Márta	11 Aibreán
	09 Bealtaine	13 Meitheamh	11 Iúil	12 Meán Fómhair
	10 Deireadh Fómhair	14 Samhain	12 Nollaig	


Ráta Tinrimh ag na Cruinnithe



Foriomlán



i Láthair go Pearsanta



ó chian

Cainteoirí Seachtracha agus Cainteoirí Tionóil ag Cruinnithe Tionóil 2025

DÁTA	TEIDEAL AN CHUIR I LÁTHAIR
10 Eanáir 2025	- THRIVE, Gairm 2 – Rose Power (Tionól Réigiúnach an Deiscirt) - Nuashonrú ar Chlár Réigiúnach Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa – Enda Hogan (Tionól Réigiúnach an Deiscirt) - Nuashonrú ar an bPleanáil Réigiúnach – Kevin Lynch (Tionól Réigiúnach an Deiscirt)
14 Feabhra 2025	- An Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil – Andy Fanning, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil - Luasaire Cliste agus Inbhuanaithe na Soghluaisteachta – Eoin O'Connor (Tionól Réigiúnach an Deiscirt)
14 Márta 2025	- Nuashonrú maidir le Réigiúin Chliste – David Minton, Fiontraíocht Éireann - Seachadadh Tithíochta – Kevin Twomey (Tionól Réigiúnach an Deiscirt) - Gluais na dTearmaí Pleanála – Denis Cotter (Tionól Réigiúnach an Deiscirt)
11 Aibreán 2025	- Irish Rail – Barry Kenny, Iarnród Éireann - Taispeántas ar Mhonatóir um Fhorbairt Réigiúnach – Justin Gleeson, an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann
09 Bealtaine 2025	Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chiarraí – Eoin O'Connor (Tionól Réigiúnach an Deiscirt)
13 Meitheamh 2025	- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Náisiúnta 2026-2035 – Kevin Twomey (Tionól Réigiúnach an Deiscirt) - Forléargas ar an Acht Pleanála agus ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach – Kevin Lynch (Tionól Réigiúnach an Deiscirt) - Forléargas ar Phróiseas Comhairliúcháin Thionól Réigiúnach an Deiscirt i dtaca leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach – Denis Cotter (Tionól Réigiúnach an Deiscirt)

DÁTA	TEIDEAL AN CHUIR I LÁTHAIR
11 Iúil 2025	- Athrú Chiarraí Uimh. 2 Phlean Forbartha Chontae Chiarraí – Padraig O’Shea (Tionól Réigiúnach an Deiscirt) - Achoimre ar an Eorabharaiméadar – Anna Sellars (Tionól Réigiúnach an Deiscirt)
12 Meán Fómhair 2025	Housing Infrastructure Services Co – Niall Morrissey, Housing Infrastructure Services Company
10 Deireadh Fómhair 2025	- TALENT4S3 – Rhiannon Carey Bates, (Tionól Réigiúnach an Deiscirt) - Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann – Teresa Lennon, Oifig Eorpach Réigiún na hÉireann
14 Samhain 2025	- Painéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide, an Dr Una Murray - Athbhreithniú ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach – Kevin Lynch, (Tionól Réigiúnach an Deiscirt)
12 Nollaig 2025	- Feirm Ghaoithe Tonn Nua – Moira Walsh, Bord Soláthair an Leictreachais - Cláir Réigiúnacha CFRE – Enda Hogan (Tionól Réigiúnach an Deiscirt)



An Comhairleoir Bridín Murphy agus an Comhairleoir Barbara Anne Murphy ag an gCruinniú Cinn Bliana, Iúil 2025

Tinreamh Comhdhála, Seimineáir agus Oiliúna 2025

Seimineár Oiliúna Chumann Réigiúin na hÉireann

An Comhairleoir Andrew McGuinness	An Comhairleoir Bill Slattery	An Comhairleoir Clare Coleman Molloy
An Comhairleoir Jim D'Arcy	An Comhairleoir Ken Mourane	An Comhairleoir Máirín McGrath
An Comhairleoir Niall O'Callaghan	An Comhairleoir Pip Breen	An Comhairleoir Thomas Phelan



Méara Luimnigh, John Moran, ag labhairt le lucht freastail ag Seimineár Chumann Réigiúin na hÉireann, Feabhra 2025

Oiliúint do Luasaire Cliste agus Inbhuanaithe Soghluaisteachta

An Comhairleoir Anthony Barry	An Comhairleoir Sheila O'Callaghan	An Comhairleoir Peggy Ryan
An Comhairleoir Norma Moriarty	An Comhairleoir Ken Murnane	An Comhairleoir Niall O'Callaghan
An Comhairleoir Thomas Phelan	An Comhairleoir Joe Hannigan	

Cruinniú Ceantair Pleanála Straitéisí - an tIarlthar Láir

An Comhairleoir Clare Colleran Molloy	An Comhairleoir Tony O'Brien	An Comhairleoir Bill Slattery
Méara John Moran	An Comhairleoir John Sheahan	An Comhairleoir Peggy Ryan
An Comhairleoir Máirín McGrath	An Comhairleoir Michael Smith	



Baill an Tionóil ag Cruinniú Limistéar Pleanála Straitéisí an Mheán-Iarthair

Cruinniú Ceantair Pleanála Straitéisí – Thoir Theas

An Comhairleoir Andrew McGuinness	An Comhairleoir Ben Ward	An Comhairleoir Jim D'Arcy
An Comhairleoir Thomas Phelan	An Comhairleoir Pip Breen	An Comhairleoir Barbara Anne-Murphy
An Comhairleoir Bridín Murphy		

Cruinniú Ceantair Pleanála Straitéisí – Thiar Theas

An Comhairleoir Dan Boyle	An Comhairleoir Anthony Barry	An Comhairleoir Kay Dawson
An Comhairleoir Sheila O'Callaghan	An Comhairleoir Norma Moriarty	

Lá na hEorpa agus Tionól@10

An Comhairleoir Anthony Barry	An Comhairleoir Dan Boyle	An Comhairleoir Pip Breen
An Comhairleoir Alan Coleman	An Comhairleoir Clare Colleran Molloy	An Comhairleoir Gillian Coughlan
An Comhairleoir Jim D'Arcy	An Comhairleoir Kay Dawson	An Comhairleoir Fergal Dennehy
An Comhairleoir Joe Hannigan	An Comhairleoir Joe Kavanagh	An Comhairleoir Máirín McGrath
Méara John Moran	An Comhairleoir Norma Moriarty	An Comhairleoir Ken Murnane
An Comhairleoir Barbara Anne-Murphy	An Comhairleoir Tony O'Brien	An Comhairleoir Niall O'Callaghan
An Comhairleoir Sheila O'Callaghan	An Comhairleoir Bobby O'Connell	An Comhairleoir Peggy Ryan
An Comhairleoir Terry Shannon	An Comhairleoir Oliver Walsh	An Comhairleoir Ben Ward

Cruinniú Cinn Bliana IPB

An Comhairleoir Ken Murnane

Turas Staidéir na gComhaltaí go dtí an Bhruiséil

An Comhairleoir Barbara Ann Murphy
An Comhairleoir Michael Collins

An Comhairleoir Ben Ward
An Comhairleoir Máirín McGrath

An Comhairleoir Fergal Dennehy
An Comhairleoir Niall O'Callaghan

In Aibreán 2025, ghlac seisear comhaltaí agus beirt bhall foirne ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt páirt i dturas staidéar dhá lá go dtí an Bhruiséil. Osclaíodh an clár ag Buanionadaíocht na hÉireann chuig an AE, agus leag Tadhg Browne, Oifigeach Tacaíochta an AE ag [Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann](#), amach obair na hoifige agus an ról atá ag Toscaireacht na hÉireann chuig [Coiste Eorpach na Réigiún](#). Chomh maith leis sin, léirigh sé an chaoi a mbíonn an oifig ag tacú le agus i mbun caidreamh gníomhach le hearnáil an údaráis áitiúil ar fud Éireann.

Ansin, bhuail an grúpa le Stéphanie Gantzer-Houzel, Bainisteoir Clár do Bheartas Comhtháthaithe an AE Tar Éis 2027. Chuir Stéphanie léargas ar fáil faoin gcaoi gur féidir le réigiúin páirt a ghlacadh i mBeartas Comhtháthaithe agus leag sí béim ar na príomhdheiseanna maoinithe d'údaráis áitiúla na hÉireann, lena n-áirítear [Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa](#), [Ciste um Aistriú Cóir na hEorpa](#), agus [Tionscnamh Uirbeach na hEorpa](#).

Chuir Philip Grant, Stiúrthóir Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Soláthar Foirne an AE ag an [mBuanionadaíocht](#), na seisiúin mhaidine chun críche le faisnéisiú maidir le feidhmeanna institiúidí an AE agus idirghníomhú Choiste na Réigiún leo. Chomh maith leis sin, phléigh sé deiseanna roimh Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh in 2026.

I [bParlaimint na hEorpa](#), bhuail an toscaireacht le ceathrar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ó thoghcheantar Dheisceart na hÉireann - Cynthia Ní Mhurchú do dhúshláin tuaithe, Billy Kelleher do bheartas fuinnimh, Sean Kelly do shaincheisteanna trádála agus Michael McNamara do thodhchaí an Bheartais Chomhtháthaithe.

Cuireadh tús leis an dara lá le cur i láthair ar Chathracha Cliste Oscailte agus Sofhreachgrúla ar Chlár Cathracha Cliste na hEorpa, ina dhiaidh bhí faisnéisiú ó Ard-Stiúrthóireacht Taighde ar Mhisean na Neodrachta agus na gCathracha Cliste. Cuireadh an chuairt i gcrích le Noel Regan, Comhairleoir um an mBeartas Comhshaoil agus Fuinnimh, a rinne athbhreithniú ar phróisis reachtaíochta an AE agus na dúshláin chomhshaoil agus fuinnimh atá ag teacht chun cinn.



FPEnna Billy Kelleher agus Cynthia Ní Mhurchú le Comhaltaí agus Baill Foirne Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann, Aibreán 2025

Ionadaithe Choiste Faireacháin Chláir an Aontais Eorpaigh

31 Nollaig 2025

Coiste Monatóireachta Chlár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár na Tíre	An Comhairleoir Andrew McGuinness An Comhairleoir John Brennan An Comhairleoir Gillian Coughlan An Comhairleoir Bill Slattery
Coiste Monatóireachta Plean Straitéiseach an Chomhbheartais Talmhaíochta	An Comhairleoir Sheila O'Callaghan
Coiste Monatóireachta Clár Fostaíochta, Cuimsiú, Scileanna agus Oiliúna	An Comhairleoir John Sheahan

Ionadaithe ó Choiste na Réigiún - Réigiún an Deiscirt

31 Nollaig 2025

Comhaltaí Iomlána	An Comhairleoir Gillian Coughlan (Ceannasaí na Toscaireachta) An Comhairleoir Clare Colleran Molloy An Comhairleoir Bridín Murphy
Comhaltaí Eile	An Comhairleoir Dan Boyle An Comhairleoir Fergal Dennehy An Comhairleoir Joe Hannigan An Comhairleoir Kieran McCarthy

Ionadaithe ó Chumann Réigiúin na hÉireann

Is é Cumann Réigiúin na hÉireann an grúpa ionadaíoch a bhaineann leis na trí Thionól Réigiúnacha in Éirinn (Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt). Faoi [Thionscadal Éireann 2040](#), agus trí na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnacha go sonrach, tá ról ceannasaíochta ag na trí Thionól Réigiúnacha maidir le tacú le spriocanna náisiúnta a bhaint amach agus tá siad chun tosaigh go mór maidir leis an gcleachtas is fearr i roinnt mhaith réimsí ina thaobh.

Reáchtáladh Seimineár Oiliúna Bliantúil Chumann Réigiúin na hÉireann i mBaile Átha Luain i bhFeabhra 2025. Ba é téama an imeachta ná “Todhchaí na Réigiún a Spreagadh: Rialachas, Inbhuanaitheacht, agus Tionchar Bunaithe ar Áit.”



Leas-Chathaoirleach Chumann Réigiúin na hÉireann, an Comhairleoir Niall O'Callaghan ag na taispeántais ag Seimineár Oiliúna Chumann Réigiúin na hÉireann, Feabhra 2025

Cruinniú Bliantúil agus Toghadh an Chathaoirligh

Reáchtáladh Cruinniú Cinn Bliana Thionól Réigiúnach an Deiscirt ar an 11 Iúil 2025, agus cuireadh fáilte roimh na Comhaltaí ainmniúcháin a mholadh do phost mar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Tionóil, agus an post sin a bheith ag an té a cheapfar go dtí Iúil 2026.

Toghadh an Comhairleoir Andrew McGuinness ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh mar Chathaoirleach ag an gcruinniú. Is comhalta Fhianna Fáil é an Comhairleoir McGuinness agus tá sé ina ionadaí tofa ar feadh fiche dó bhliain agus é ina Mhéara Chill Chainnigh trí huair: in 2014, 2021 agus le déanaí in 2024.

Toghadh an Comhairleoir Peggy Ryan ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann mar Leas-Chathaoirleach. Is Comhairleoir Fhine Gael í an Comhairleoir Ryan do Cheantar Bardasach Dhurlais.



An Cathaoirleach nua-thofa an Comhairleoir Andrew McGuinness ag an gcruinniú Cinn Bliana, Iúil 2025

Buaicphointí Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2025

Turas Staidéir na gComhaltaí go dtí an Bhruiséil

In Aibreán 2025, ghlac seisear comhaltaí ón Tionól páirt i dturas staidéir dhá lá go dtí an Bhruiséil. Ba dheis thábhachtach í do chomhaltaí chun dul i mbun plé agus tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an gcaidreamh idir an Eoraip agus an rialachas réigiúnach.



An Comhairleoir Michael Collins, an Comhairleoir Ben Ward, an Comhairleoir Máirín McGrath, an Comhairleoir Fergal Dennehy, an Comhairleoir Barbara Anne Murphy, an Comhairleoir Niall O'Callaghan ag Parlaimint na hEorpa

Oiliúint maidir le Luasaire Cliste agus Inbhuanaithe Soghluaisteachta d'Ionadaithe Tofa

Ghlac comhaltaí an Tionóil páirt i gclár maidir le Luasaire Cliste agus Inbhuanaithe Soghluaisteachta i mBaile Átha Luain, Contae na hIarmhí. Is é príomhaidhm an chlár ná tionchar a imirt ar athrú cultúir sa chur chuige i dtaca le soghluaisteacht inbhuanaithe, lena ndírítear ar na leasanna áitiúla is féidir a bhaint amach trí mheán an athraithe sin.



Comhaltaí ag an gClár maidir le Luasaire Cliste agus Inbhuanaithe Soghluaisteachta i mBaile Átha Luain

Lá na hEorpa agus imeacht 10 mbliana Thionól Réigiúnach an Deiscirt

I mBealtaine 2025, chomóir an Tionól deich mbliana de cheannaireacht réigiúnach agus de chomhoibriú Eorpach le sraith imeachtaí chun Lá na hEorpa agus deich mbliana ó bunaíodh an Tionóil a cheiliúradh. I gceann amháin de na himeachtaí sin bhí taispeántas de roinnt de na tionscadail agus de na tionscnaimh arna stiúradh nó arna dtacú ag an Tionól a sheas amach le linn na deich mbliana roimhe. Bhí an taispeántas ar siúl in Tower Hotel i bPort Láirge.



An Comhairleoir Gillian Coughlan, an Comhairleoir Dan Boyle, an Comhairleoir Peggy Ryan agus Colm Walsh ag Taispeántas an Tionóil in Tower Hotel, Port Láirge

Seoladh an Phlean Chorporáidigh 2025 – 2029

Chomh maith leis sin, i mBealtaine bhí seoladh oifigiúil Phlean Corparáideach 2025 – 2029 an Tionóil, straitéis réamhbhreathnaitheach lena leagtar amach fis an Tionóil do Réigiún an Deiscirt sa chéad cúig bliana eile. Sheol an tAire Stáit le freagracht as Rialtas Áitiúil agus Pleanáil, John Cummins TD, an Plean go hoifigiúil agus thug sé le fios an ról a bhí ag an Tionól i bhfás réigiúnach cothrom agus nasc domhain na hÉireann leis an Aontas Eorpach a mhúnlú.



An tAire Stáit do Rialtas Áitiúil agus Pleanáil John Cummins TD, agus Plean Corparáideach nua an Tionóil á sheoladh aige

Cuireann Lónra an Chomhair Chríche Eorpaigh “Maoiniú an AE faoi lán seoil”

Cuireadh fáilte roimh bhreis agus seasca rannpháirtí go Teach an Tionóil i Samhain d’Imeacht bliantúil Lónra Comhair Chríochaigh Eorpaigh “Maoiniú an AE faoi lán seoil.”



€63.84 milliún chun tráchtálú taighde ar fud Éireann a luasghéarú

I bhFeabhra, fógraíodh clár infheistíochta ilbhliantúil do Mhol ‘Taighde a Luasghéarú go Tráchtálú’ chun cumas tráchtála taighde eolaíoch ar fud Éireann a thabhairt chun tosaigh. Tá na Moil á maoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach araon..



Fógraíodh Dámhachtainí Ghairm 2 THRIVE

Bronnadh cómhaoiniú Rialtais agus an AE €63 milliún chun deich bhfoirgneamh oidhreachta tréigthe i gceantair uirbeacha i Réigiúin an Deiscirt, an Oirthir agus Lár na Tíre trí THRIVE - Scéim Athbheochana Oidhreacht Lár an Bhaile ar dTús.

Comhchoiste Oireachtais do Ghnóthaí an AE

I nDeireadh Fómhair, bhuail an Comhchoiste do Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh le trí thionól réigiúnacha na hÉireann chun beartas comhtháthaithe an AE agus bainistiú Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a phlé. Ag an gcruinniú, leagadh béim ar an ngá d'ionchur réigiúnach i gcinntí maoinithe an AE.



Cruinniú na Réigiún Eorpach i gCill Chainnigh d'Imeacht Líonra Mhórchistí an AE

Tháinig thart ar 90 Ceannaire Údarás Bainistíochta le chéile le comhghleacaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ón ECFE, le chéile i Meán Fómhair i gCill Chainnigh don cheathrú cruinniú do Líonra Ceannairí Údarás Bainistíochta. Bhí an suíomh stairiúil ach bhí an comhrá dírithe ar an todhchaí.



Seoladh Port Láirge go hoifigiúil mar Chathair Foghlama EOECA

Is ábhar bróid é ainmniú Phort Láirge mar Chathair Foghlama EOECA lena gcuirtear rochtain ar oideachas agus ar dheiseanna foghlama chun cinn. Is Cathair Foghlama EOECA í Port Láirge anois mar aon le Luimneach agus Corcaigh i Réigiún an Deiscirt agus is garspíoc shuntasach í i dtreo ár bhfís straitéiseach do Réigiún an Deiscirt le bheith mar Réigiún Foghlama EOECA.



Oiriúnú Dúlrbhunaithe ar Athrú Aeráide

I Nollaig, chomhóstáil an Tionól seimineár maidir le hOiriúnú Dúlrbhunaithe ar Athrú Aeráide: Cumas Bonneagair Ghoirm/Ghlais i gClár ESPON agus Ollscoil Mhá Nuad i gCathair Luimnigh. Tugadh léargas spéisiúil faoin gcaoi chun leas a bhaint as cumas Bonneagair Ghoirm/Ghlais in Oiriúnú Dúlrbhunaithe ag an imeacht.

Áiteanna a Athshamlú: Imeacht Thionscnamh Uirbeach na hEorpa chun cumas an phobail a fhorbairt faoi THRIVE

Ghlac baill foirne ó 29 de 31 údarás áitiúil na hÉireann, taobh le páirtithe leasmhara ábhartha eile páirt i gcumas an phobail a fhorbairt agus oiliúint Thionscnamh Uirbeach na hEorpa sin i Samhain. Eagraíodh an t-imeacht chun tacú le baill foirne údarás áitiúil lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do, tairbhíthe i gcuir chuige caomhnaithe, caomhantais, agus athúsáide oiriúnacha inbhuanaithe a chomhtháthú.






Seoladh Mhol ARC Náisiúnta do Tháirgí Teiripeacha

Seoladh an Mol Luathaithe Taighde go Tráchtálú do Tháirgí Teiripeacha, tionscnamh náisiúnta taighde nua tiomanta do nuálaíocht bithleighis a thabhairt chun tosaigh mar theiripí agus mar chomhlachtaí sa saol mór, go hoifigiúil i Nollaig ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá an Mol do Tháirgí Teiripeacha á mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach araon.



Foilseacháin 2025



Cumarsáid ar Líne



2,884 leantóir / meán de 41,000 imrisean míosúla



734 leantóir / meán de 21,000 imrisean míosúla



552 leantóir / meán de 39,000 imrisean míosúla



1,427 leantóir / meán de 55,000 imrisean míosúla

Staitisticí an tSuímh Ghréasáin 2025



Úsáideoir Gníomhach
68,000



Úsáideoir Nua
66,000

Nótaí:

Is é LinkedIn an cainéal meáin shóisialta ag a bhfuil an tionchar is mó.

Bhí buaic i ngníomhaíocht an tsuímh ghréasáin go luath i nDeireadh Fómhair. Is iad na leathanaigh ghréasáin is mó a tugadh cuairt orthu ná iad seo a leanas in ord: Leathanach Baile, STRAITÉIS SPÁIS AGUS EACNAMAÍOCH RÉIGIÚNACH agus Gairmeacha. Meánam idirghníomhaíochta de réir úsáideora ná 29 soicind.

Gníomh Aeráide


Sa [Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025](#), treisítear agus nuashonraítear Sainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hEarnála Poiblí, nach mór do gach comhlacht poiblí a chomhlíonadh, lena n-áirítear freagrachtaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Nuashonraigh agus d'fhoilsigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt a [Threochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide](#) i Meán Fómhair 2025.

Tá an Tionól tiomanta do pháirt a ghlacadh maidir le feabhsuithe in éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú ar fud na hearnála poiblí a bhaint amach. Bunaithe ar ár dtuairisciú chuig [Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann](#), tá an Tionól chun tosaigh ar roinnt spriocanna 2030 agus déanfar gach iarracht chun feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh chun spriocanna a shárú, trí mheán tionscadal amhail Teach an Tionóil a aisfheistiú.

De réir [Chiorclán 01/2020](#) na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe maidir le Nósanna Imeachta chun Astaíochtaí a Bhaineann le hAerthaisteal Oifigiúil a Fhritháireamh, taifeadann agus déanann an Tionól monatóireacht ar astaíochtaí arna dtabhú ag an bhfoireann le linn aerthaistil oifigiúil agus cuireann sé le Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide chun na hastaíochtaí sin a fhritháireamh.

Bunaithe ar an bhfuinneamh a úsáideadh agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa, bhí Rátáil an Teastais Taispeána Fuinnimh C1 ag Teach an Tionóil in 2025.

Léiríonn na príomhtháscairí feidhmíochta seo a leanas an dul chun cinn atá déanta againn i dtreo ár gcuid spriocanna fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Léiríonn siad freisin an t-athrú atá déanta ag ár gcuid astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh le himeacht ama.



Fossil CO₂ emissions

In 2025, fossil CO₂ was 31.5% above the baseline of 7,717 kgCO₂.

2025: 10,145 kgCO₂
2030 target: 3,782 kgCO₂

To achieve this target, fossil CO₂ must reduce by 62.7% from 2025 level within 5 years. If planned energy-saving projects are implemented fossil CO₂ could reduce by 70.6%, by 2030*.



Total CO₂ emissions

In 2025, total CO₂ was 70.7% below the baseline of 52,111 kgCO₂.

2025: 15,277 kgCO₂
2030 target: 13,020 kgCO₂

To achieve this target, total CO₂ must reduce by another 14.8% from 2025 level within 5 years. If planned energy-saving projects are implemented total CO₂ could reduce by 103.2%, by 2030*.

Energy efficiency


By 2025, energy performance had improved by 90.5% since the baseline.




If energy performance is maintained at this level for another 5 years, the efficiency target will be achieved. If planned energy-saving projects are implemented performance could improve by 7.1 percentage points, by 2030*.

Fossil CO₂ target


kgCO₂



Total CO2 target




Energy efficiency target



Projected impact of planned energy-saving projects reported via SEAI's monitoring & reporting (M&R) system


*Note that the projected future impacts of planned projects are calculated from the data reported to SEAI by the organisation. The projections assume that the organisation will not grow its energy footprint between now and 2030, e.g. through expansion, new capacity etc.

Fossil CO2 target, kgCO2




If planned projects are implemented fossil CO2 could reduce by 70.6%, which would bring emissions below the 2030 target level*.

Total CO2 target, kgCO2






If planned projects are implemented total CO2 could reduce by 103.2%, which would bring emissions below the 2030 target level*.

Energy efficiency target, EnPI




Thermal CO2 Transport CO2 Electricity CO2 Energy performance indicator 2030 business as usual 2030 target

Thermal energy




Transport fuels


Electricity



Final energy
22,684 kWh
consumed in 2025




Primary energy
40,359 kWh
consumed in 2025




CO2 emission
5,132 kgCO2
emitted in 2025




Total energy



Final energy
72,233 kWh
consumed in 2025



Primary energy
64,886 kWh
consumed in 2025



CO2 emission
15,277 kgCO2
emitted in 2025



Cuireadh Foireann Ghlas an Tionóil le chéile arís i Nollaig 2025 agus bhí sé mar aidhm acu leanúint ar aghaidh agus cur le hobair na Foirne Glaise roimhe. Tá baill foirne ó gach rannán den Tionól air.

Staitisticí Dramhaíola 2025



Dramhaíl Ghinearálta:
235.5kg



Athchúrsáilte:
322kg



Dramhaíl Orgánach/Bhia:
18.5kg



Clean Air Together Waterford

Buaicphointí maidir le Gníomh Aeráide agus Inbhuanaitheacht 2025

Glacadh páirt i dtionscadal eolaíochta do shaoránaigh Clean Air Together i gCathair Phort Láirge.

Tiomanta do Ghealltanais Aeráide i gcomhair Gnólachtaí trí Chomhairle Phort Láirge.

Seoladh feachtas Dramhaíola Bia i dTeach an Tionóil.

Cuireadh athbhreithniú iomlán ar sholáthróirí Gáis agus Leictreachais i gcrích do Theach an Tionóil.

Cuireadh tús le hiarratas don Chomhartha um Thaisteal níos Cliste.

Saoráil Faisnéise

Forálann an [tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014](#) go bhfuil ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh comhlachtaí poiblí, go gceartaítear nó go nuashonraítear faisnéis phearsanta fúthu sa chás go bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus go dtugtar cúiseanna dóibh maidir le cinntí a dhéanann comhlachtaí poiblí a dhéanann difear dóibh.

Baineann an t-iarratas Saorála Faisnéise seo a leanas le 2025:

Iarratais	1	Deonaithe	1	Deonaithe i bPáirt	0
Diúltaithe	0	Tarraingthe siar	0	Arna iompar go dtí 2025	0

Cosaint Sonraí

Tháinig an [Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí](#) agus an [tAcht um Chosaint Sonraí, 2018](#) araon i bhfeidhm in 2018. Leanann an Tionól d'athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí de réir an cheanglais reachtúil seo. Ní raibh aon iarratas faoin reachtaíocht maidir le cosaint sonraí le linn 2025.

An Ghaeilge

Tá Oifigeach Gaeilge tiomnaithe ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus tá obair leanúnach ar siúl le linn 2025 chun comhlíonadh [Acht na dTeangacha \(Leasú\), 2021](#) a chinntiú. Ar aon dul le forálacha an leasaithe ar an Acht, tá gach gníomhaíocht fógraíochta agus cumarsáide Gaeilge de chuid an Tionóil á rianú d'fhonn spriocanna Alt 10A den Acht a bhaint amach, lena gceanglófar ar gach comhlacht poiblí 20% dá bhfógraíocht bhliantúil ar a laghad a dhéanamh as Gaeilge agus 5% ar a laghad dá gcaiteachas fógraíochta ar an nGaeilge agus foilsithe sna meáin Ghaeilge.

Léiríodh i bpróiseas monatóireachta an Tionóil Eanáir - Nollaig 2025 go raibh an chuid is mó den fhógraíocht in 2025 ag baint le cláir an AE, promóisean, agus próisis earcaíochta. B'ionann caiteachas ar na meáin Ghaeilge agus 12%, i bhfad níos airde ná an sprioc 5%. Ó thaobh na meáin chlóite de, bhí an caiteachas dírithe ar fhógraí i nGaeilge ach cuireadh iad i bhfoilseacháin Bhéarla. B'ionann líon na bhfógraí i nGaeilge, ar fud na meán go léir, agus 2% de na fógraí go léir, sin difríocht shuntasach ón sprioc 20%. Leanann an Tionól le húsáid na meán Gaeilge a chur chun cinn san fhógraíocht agus i scaipeadh faisnéise.

Nuashonrú maidir le hAcmhainní Daonna

Bhí bliain ghnóthach agus iontach ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt in 2025.

Chuireamar fáilte roimh ochtar ball foirne nua, naoi n-ardú céime, lena n-áirítear ról ghníomhacha, ceathrar a d'éirigh as agus duine amháin a d'imigh ar scor.

Ba iad ár mbaill foirne nua in 2025:

Johanna Kavanagh, Oifigeach Cléireachais, Gnóthaí Corparáideacha.

Gary Burke, Socrúchán Céimí, Gnóthaí Corparáideacha.

Anna Sellars, Anailísí Eacnamaíochta/Beartas, Pleanáil Réigiúnach.

Cormac Laphorne, Leas-Stiúrthóir, an Rannán Corparáideach.

Laoise Doyle, Oifigeach Cléireachais, Tionscadail an AE.

Richard Jordan, Oifigeach Cléireachais, Gnóthaí Corparáideacha.

Naomi Flood, Oifigeach Riaracháin, Cláir Réigiúnacha

Elizabeth Howard, Oifigeach Tionscadal, Cláir Réigiúnacha.

Guímid gach rath orthu amach anseo agus gabhaimid buíochas as a s(h)eirbhís don cheathrar a d'éirigh as in 2025.

Karen Coughlan, Oifigeach Riaracháin, Cláir Réigiúnacha

Sharon Murray, Oifigeach AD, Acmhainní Daonna/Airgeadas.

Johanna Kavanagh, Oifigeach Cléireachais, Gnóthaí Corparáideacha.

Richard Jordan, Oifigeach Cléireachais, Gnóthaí Corparáideacha.

Ar an drochuair, go gairid i ndiaidh dó dul ar scor in 2025, cailleadh ár gcomhghleacaí Vincent Dunphy sa bhliain chéanna, agus cuimhnímid go geanúil ar a sheirbhís fhada ag an Tionól.

Tá earcú agus ardú céime ball foirne ag teacht lenár sprioc chorparáideach 'Ár nDaoine a Chumhachtú'. Léiríonn na baill foirne nua tiomantas an Tionóil chun a chinntiú go bhfuil acmhainní á gcur i bhfeidhm chun ár spriocanna agus ár gcuspóirí a chomhlíonadh.

In 2025 d'earcaigh ár rannán Acmhainní Daonna céimí ó chlár WAM (Meantóireacht Ullamh agus Ábalta) arna héascú ag AHEAD (Cumann um Rochtain agus Míchumas san Ardoideachas). Ba dheis iontach é don Tionól chun linn tallainne éagsúil a fháil lena gcabhraítear linn ár gcleachtais earcaíochta ionchuimsitheacha a neartú. Chomh maith leis sin, fuair an Tionól saintacaíocht agus oiliúint maidir le feasacht ar mhíchumas.

Roghnaíodh an Tionól mar an chéad eagraíocht chun páirt a ghlacadh sa Chlár Folláine Píolótach RESET d'Fhoirne, tionscnamh nua chun aghaidh a thabhairt ar an bhfolláine san áit oibre. Arna fhorbairt ag oide agus údar Doug Dane, tá RESET bunaithe ar a leabhar mór le rá Mistaken Identity. Sa chlár, cabhraítear le daoine aonair agus le foirne briseadh ó chreidimh shriantacha, athléimneacht a neartú, agus teacht leis an duine atá iontu agus an chaoi a maireann agus a n-oibríonn siad.



Vincent Dunphy



Seoladh Chlár RESET le Cormac Laphorne (Tionól Réigiúnach an Deiscirt), Pauline Twomey (Tionól Réigiúnach an Deiscirt), Doug Dane (Cruthaitheoir RESET), Eoin Morrissey (Comhordaitheoir na Cathrach Sláintiúla agus an Chontae Shláintiúil), Linda Barry (Ceannasaí Tionscadail agus Éascaitheoir Folláine san Áit Oibre)

Tá an clár píolótach á chur ar fáil i gcomhar le Port Láirge Sláintiúil (tionscnamh laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge). Cuireadh na príomhléargais maidir le tírdhreach gnó Phort Láirge ar fáil ag Comhlachas Tráchtála Phort Láirge ar an gcéad dul síos.

I ndiaidh próisis iarratais, roghnaíodh an Tionól mar an chéad eagraíocht chun an clár píolótach a óstáil.

In 2025 cruthaíodh Foireann Folláine an Tionóil. Tá baill foirne ó rannáin éagsúla ar an bhfoireann sin agus tá sé mar aidhm acu sláinte fhisiceach, meabhairshláinte agus sláinte shóisialta na bhfostaithe a fheabhsú, feidhmíocht agus coinneáil níos fearr a spreagadh.

Is é aidhm na Foirne Folláine ná cultúr tacúil agus dearfach a thabhairt isteach, agus chun cabhrú leis an Tionól bheith ina rogha fostóir. Cruthaíodh nuachtlitir folláine mhíosúil, rinneadh suirbhéanna le baill foirne, agus cuireadh tús le himeachtaí sóisialta.

D'eagraigh rannán Acmhainní Daonna breis agus tríocha cúrsa oiliúna agus forbartha ón bhforbairt ghairmiúil leanúnach go teastais agus ar aghaidh go céimeanna ag leibhéal a naoi. Táimid thar a bheith tiomanta d'oiliúint agus forbairt a éascú i measc ár mball foirne mar ghlacaimid leis mar dheis do bhaill foirne chun a scileanna, a n-eolas agus a dtáirgiúlacht a mhéadú. Ba mhian linn fiúntas agus bród a chothú agus feidhmíocht a spreagadh agus ráta athraithe foirne a laghdú ag an am céanna.

Chuir an Tionól ár bPlean Straitéiseach Fórsa Oibre 2025 isteach i Ráithe 3.

Dualgas Earnála Poiblí

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt feasach ar Chearta an Duine agus ar Chomhionannas ar fud a chuid oibre ar fad, agus mar eagraíocht. Bunaíodh Grúpa Oibre Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine de chuid an Tionóil in 2023 agus leanann an obair sin ar aghaidh. Tá Cathaoirleach ón bhFoireann Shinsearach Bainistíochta ag an nGrúpa Oibre, agus áirítear leis an ngrúpa sin ionadaithe ó gach Roinn (Pleanáil, AE, Corparáideach, Acmhainní Daonna) agus tá sé mar sprioc oibre acu comhlíonadh na gceanglas reachtúil a bhaineann le [Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine de chuid na hÉireann](#) a chinntiú.

Ó 2024 ar aghaidh, rinne gach ball foirne – idir shealbhóirí agus bhaill nua, an modúl ríomhfhoghlama ar Dhualgas Cúraim na hEarnála Poiblí, agus bhain siad teastas amach. Tá an oiliúint seo éigeantach anois do bhaill nua ar fad.

Ó Mheitheamh 2025, ghlac an Tionól céimeanna chun comhlíontacht [Ionstraime Eorpaí um Inrochtaineacht](#) a chinntiú lena gcinntítear go bhfuil an fhaisnéis dhigiteach agus na seirbhísí digiteacha inrochtana do gach úsáideoir. Comhlíontar caighdeáin inrochtaineachta an AE agus na hÉireann le haon ábhar nua a chomhroinntear ar ár suíomh gréasáin, lena n-áirítear leathanaigh ghréasáin, fomhánna, físeáin, agus doiciméid in-íoslódáilte.

I dTuarascáil Bhliantúil Mhonatóireachta 2024, thug [an tÚdarás Náisiúnta Míchumais](#) scór inrochtaineachta 2% dár suíomh gréasáin. Le linn 2025, d'athraíomar an suíomh ó bhonn, agus i ndiaidh scóir inmheánaigh thosaigh de 49%, leanadh le hobair shuntasach chun é a dhéanamh níos inrochtana go suntasach. Mar gheall ar an obair sin, tugadh scór inrochtaineachta 90% don suíomh gréasáin i dtuarascáil mhonatóireachta an Údaráis Náisiúnta Míchumais, lena léirítear feidhmíocht láidir ar fud na bpríomhchritéar inrochtaineachta digití. Léirítear leis sin go bhfuil an suíomh gréasáin thar a bheith inúsáidte do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear úsáideoirí teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha, agus léirítear ailíniú substaintiúil leis na caighdeáin inrochtaineachta aitheanta. Tacaítear lenár mbéim leantach ar dhearadh ionchuimsitheach, ullmhacht rialála agus feabhas leanúnach in eispéireas an úsáideora dhigitigh leis an toradh sin.

Sláinte agus Sábháilteacht

Bhunaigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt Coiste Sábháilteachta nua chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha sláinte agus sábháilteachta agus chun iad a chur chun feidhme in 2025. Cuireadh oiliúint sábháilteachta ar fáil d'fhoireann an Tionóil le linn 2025. Clúdaíodh ábhair amhail láimhsiú, garchabhair, agus oiliúint do mhaor dóiteáin san oiliúint sin. Bhí Cleachtadh Dóiteáin amháin againn.

Níor tuairiscíodh aon timpiste, eachtra nó neastimpiste le linn 2025.

Nuashonrú ar Phlean Corparáideach 2025 – 2029

Réamhrá

Glacadh go foirmiúil le Plean Corparáideach nua don tréimhse 2025 – 2029 ag Comhaltaí Thionól Réigiúnach an Deiscirt i Márta 2025. Leagadh síos sa phlean ceithre sprioc ardleibhéil agus déantar na cuspóirí straitéiseacha a mhapáil ina n-aghaidh. Is é an príomhbhealach tuairiscithe do dhul chun cinn chuspóirí an Phlean Chorporáidigh ná trí mheán na Tuarascála Bliantúla.



Comhaltaí agus baill foirne Thionól Réigiúnach an Deiscirt ag seoladh an Phlean Chorporáidigh, Bealtaine 2025

Sprioc 1

ÁR nDAOINE A CHUMASÚ

Cothóimid cultúr foghlama agus forbartha leanúnaí, lena bhforbraítear scileanna trí acmhainn an phobail a fhorbairt dár bhfoireann agus dár gComhaltaí.

Sprioc 2

ÁR dTIMPEALLAUGHT A SHAIBHRIÚ

Glacfaimid cur chuige dírithe ar chosaint agus ar fheabhsú an chomhshaoil, ag comhtháthú gníomhaíochtaí aeráide agus inbhuanaithe i ngach gné dár gcuid oibre.

Sprioc 3

LEAS A BHAINT AS DEISEANNA RÉIGIÚNACHA

Spreagfaimid agus cothóimid fás geilleagrach inár réigiún le beartais chothroma agus nuálacha.

Sprioc 4

RIALACHAS RÉIGIÚNACH A NEARTÚ

Neartóimid ár seasamh i ndaonlathas illeibhéil le bheith inár gceannairí i bhforbairt réigiúnach trí phleanáil straitéiseach agus trí chlár. Déanfaimid comhordú ar chomhoibriú agus idirphlé lenár bpáirtithe leasmhara, ag cur le trédhearcacht agus cuntasacht trí bheartas réigiúnach a dhéanamh.

Dul chun cinn in 2025

Cuspóir Straitéiseach 1.1

A chinntiú go bhfuil na rudaí cearta á ndéanamh againn, ar an mbealach ceart, do mhuintir ár réigiúin agus dár bhfoireann, ar bhealach cuimsitheach, oscailte agus freagrach, bunaithe ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne a chosaint.

- Earcaíocht céimí trí mheán chlár WAM (Monatóireacht Ullamh agus Réidh) trí AHEAD, ar chonradh dhá mhí dhéag.
- Feidhmiú céimneach Teideal Dúnta do Chruinnithe an Tionóil ar MS Teams.

Cuspóir Straitéiseach 1.2

Tacú lenár bhfoireann trí fhorbairt agus foghlaim leanúnach, trí dheiseanna oiliúna a sholáthar agus trí bhealaí nuálacha oibre a chruthú.

- Soláthar oiliúna sábháilteachta (Láimhsiú, garchabhair agus maor dóiteáin) do bhaill foirne.
- Tús le hathbhreithniú ar phróisis dhigiteacha leis an Walton Institute.
- Seoladh mol Inlín nua d'acmhainní agus d'fhaisnéis foirne.
- Tacú le ballraíocht ball foirne i gcomhlachtaí gairmiúla ábhartha lena n-áirítear Institiúid Pleanála na hÉireann.
- Soláthar leantach deiseanna oiliúna agus oideachais do bhaill foirne lena n-áirítear tinreamh ag oiliúint agus cúrsaí tríú leibhéal.

Cuspóir Straitéiseach 1.3

Ionad oibre dinimiciúil, sláintiúil agus sábháilte a fhorbairt agus a chothabháil atá dírithe ar leas agus folláine na foirne lena mealltar agus lena gcoinnítear daoine den scoth agus a chuireann ar a gcumas feidhmiú ar a ndícheall.

- Cruthú grúpa Folláine do bhaill foirne.
- Feidhmiú céimneach folláine [RESET](#)
- Cruthú Coiste Sábháilteachta do bhaill foirne

Cuspóir Straitéiseach 1.4

Plean Straitéiseach don Lucht Oibre a chruthú a athbhreithníonn agus a shainaithníonn na hacmhainní a theastaíonn chun ár bhfeidhmeanna a sheachadadh agus a thógann eagraíocht athléimneach atá in ann oiriúnú do dhúshlán nua.

- Cruthaíodh Plean Straitéiseach Fórsa Oibre i ndiaidh comhairliúcháin le baill foirne.

Cuspóir Straitéiseach 2.1

Is é is aidhm leis go gcothóidh an Réigiún sochaí ísealcharbóin, inbhuanaithe a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de bunaithe ar fhorbairt phleanáilte, bunaithe ar bhonneagar agus ar shoghluaisteacht inbhuanaithe.

- Óstáladh Oiliúint maidir le Luasaire Cliste agus Inbhuanaithe Soghluaisteachta do Chomhaltaí an Tionóil.
- Óstáladh oiliúint Chomhdháil Bonneagair Ghoirm Ghlais ESPON.

Cuspóir Straitéiseach 2.2

Leanúint ag obair i dtreo ár n-oibleagáidí maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh, agus feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh inár n-ionad oibre faoi 2030.

- Cuireadh Monatóireacht agus Tuairisciú chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann do 2025 i gcrích.
- Cuireadh athbhreithniú iomlán ar sholáthar leictreachais agus gáis i gcrích.
- Tionscnaíodh rialú agus comhuainiú teochta nua don chóras téimh lárnaigh.
- Seoladh an mórthionscadal athchóirithe do Theach an Tionóil go hoifigiúil.

Cuspóir Straitéiseach 2.3

Feasacht comhshaoil agus cleachtais éifeachtúlachta acmhainní a chur chun cinn agus tacú leo chun timpeallacht shláintiúil san ionad oibre a chinntiú.

- Cuireadh an Fhoireann Ghlas le chéile arís.
- Glacadh páirt i nGealltanas Gnó do Phort Láirge.

Cuspóir Straitéiseach 2.4

Pleanáil Réigiúnach agus Forbairt Inbhuanaithe a chomhordú ar fud ár gceantair talún agus mhuirí chun tacú le gníomhaíocht dhearfach i réimse an athraithe aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta.

- Cuireadh tús le hullmhúchán don athbhreithniú ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach, lena n-áirítear ceardlanna Ceantair Pleanála Straitéisigh a óstáil do Chomhaltaí an Tionóil.

Cuspóir Straitéiseach 3.1

Réigiún Inmharthana a chruthú lena dtacaítear le hiompar inbhuanaithe, fuinneamh in-athnuaite, pobail agus áiteanna cuimsitheacha, agus lena bhfeabhsaítear ár gcaighdeán maireachtála agus ár dtarraingteacht réigiúnach.

- Óstáil chuairt staidéir idir-réigiúnach PROXIMITIES i gCorcaigh i mBealtaine 2025, lena gcuirtear tithíocht inbhuanaithe, athnuachan faoi threoir an phobail, agus forbairt uirbeach ionchuimsitheach os comhair an phobail.

Cuspóir Straitéiseach 3.2

Comhtháthú sóisialta, éagsúlacht, ionchuimsitheacht, agus forbairt réigiúnach a chur chun cinn, agus ag an am céanna sláinte agus folláine do chách a fheabhsú.

- Óstáil seimineáir ghréasáin do Lá Idirnáisiúnta na mBan i Máta 2025 trí mheán an Líonra Comhair Chríochaigh Eorpaigh, lena gcuirtear comhionannas inscne agus ionchuimsitheacht chun cinn i dtionscadail na hEorpa.
- Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm an chuid maidir le Pleanáil Réigiúnach den Chúrsa Buneolais Phleanála d'Údaráis Áitiúla.

Cuspóir Straitéiseach 3.3

Tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach inbhuanaithe, ag spreagadh nuálaíocht agus comhoibriú láidir inár Réigiún.

- Cuireadh tús le hullmhúchán don athbhreithniú ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach, lena n-áirítear ceardlanna Ceantair Pleanála Straitéisigh a óstáil do Chomhaltaí an Tionóil.

Cuspóir Straitéiseach 3.4

Rannpháirtíocht i gcláir agus i dtionscadail an AE a chur chun cinn go gníomhach agus tacú leo chun forbairt réigiúnach inbhuanaithe a sheachadadh ar mhaithe leis an Réigiún.

- Aimsíodh suíomh Réigiún an Deiscirt do Sheachtain ESPON

Cuspóir Straitéiseach 4.1

Tacú le Comhaltaí an Tionóil Réigiúnaigh ina ról cheannaireachta agus ionadaíocha, chun cuntasacht daonlathach agus rialachas réigiúnach éifeachtach a chinntiú.

- Cuireadh turas Staidéir na gComhaltaí go dtí an Bhruiséil i gcrích.
- Glacadh páirt i gcaidreamh gníomhach pháirtithe leasmhara an Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil.
- Rinneadh aighneachtaí d'athruithe éagsúla ar Phlean Forbartha an Chontae.
- Glacadh páirt i gComhdháil Chumann Réigiúin na hÉireann.

Cuspóir Straitéiseach 4.2

Leanúint ar aghaidh ag neartú ár bpróisis rialachais agus pleanála corparáidí, lena n-áirítear forbairt agus monatóireacht ar ár bPlean Corparáideach.

- Seoladh Phlean Corparáideach 2025 – 2029 nua.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar bheartais inmheánacha Corparáideacha.

Cuspóir Straitéiseach 4.3

Feabhas a chur ar ár gcumarsáid agus ar ár rannpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara chun feasacht a ardú ar ról agus feidhmeanna an Tionóil.

- Seoladh feachtas meán do Chomhaltaí tofa ina t(h)oghcheantar.
- Suiteáil córas Fuaime nua i Seomra an Tionóil.

Cuspóir Straitéiseach 4.4

Comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí láidre a chothú agus a chothú chun tacú le forbairt réigiúnach níos fearr a sheachadadh.

- Seoladh tionscadail Interreg S3ADAPT agus SMOOTY.

Cuspóir Straitéiseach 4.5

An clár oibre réigiúnach a thiomáint trí rannpháirtíocht leanúnach agus bhríoch a chinntiú le geallsealbhóirí chun comhleanúnachas na forbartha réigiúnaí a chinntiú agus cumadh beartais a mhúnlú.

- Rinneadh aighneachtaí reachtúla agus neamhreachtúla, lena n-áirítear:
Plean Forbartha Chontae Cheatharlach (Athrú)
Plean Forbartha Chathair agus Chontae Chill Chainnigh (Athrú)
Próiseas Comhairliúcháin Páirtithe Leasmhara Spriocdhírithe de chuid an Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil
Comhairliúchán Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann
Plean Forbartha Chathair Chorcaí (Athrú)
Plean Forbartha Chontae Chiarraí (Athrú)
Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre - Comhairliúchán Neamhreachtúil
- Rinneadh aighneacht ar chomhairliúchán Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann.
- Rinneadh aighneacht ar thionscadal Uisce Éireann do Sholáthar Uisce - Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.

Cuspóir Straitéiseach 4.6

Gnó a dhéanamh ar bhealach atá gairmiúil, iontaofa, uaillmhianach, comhoibríoch, freagrach agus cuntasach.

- Glacadh páirt in iniúchadh na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil.
- Foilsíodh sonraí conartha agus ordaithe ceannaigh ar ár suíomh gréasáin.

Pleanáil Réigiúnach



Forléargas

Is éard is príomhfheidhm pleanála straitéiseach an Tionóil ná an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá ról maoirseachta ann d'ullmhúchán na bPleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail.

Thug an [tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 \(Tionóil Réigiúnacha\) \(Bunú\), 2014](#) isteach ról láidir do Thionól Réigiúnach an Deiscirt maidir le pleanáil spásúlachta agus forbairt eacnamaíoch Réigiún an Deiscirt. Neartaíodh an ról sin leis an [Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024](#) trí fhorálacha feabhsaithe do leasuithe ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach le haghaidh Réigiún an Deiscirt agus na bPleananna Straitéiseacha Limistéir Cathrach comh-chomhlachta do Chorcaigh, Luimneach – Sionainn agus Port Láirge. In 2025 b'ionann forbairt mhór agus foilsíú Chéad Athbhreithniú an Chreata Náisiúnta Pleanála in Aibreán. Treisíodh leis sin tiomantas an rialtais i dtaca le hAthrú sa Chothromaíocht Réigiúnach trí mheán na gcéimeanna seo a leanas:

- Fás méadaithe sna réigiúin - sprioc '50:50' chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna spáis, sochaíocha agus comhshaoil atá roimh Éirinn.
- Tacú le fás uailmhianach na ceithre phríomhchathracha réigiúnacha chun iad a chur ar a cumas fás mar roghanna malartacha inmharthana ar Bhaile Átha Cliath agus Feabhsúchán ar Bhaile Átha Cliath.
- Athrú struchtúrach trí Ionaid Fáis Réigiúnacha agus Príomhbhailte agus ceantair thuaithe.
- Dlúthfhás, forbairt chaighdeán, comhfhorbairt áite.

In 2025, d'athraigh béim na Foirne um Pleanáil Réigiúnach chun ullmhúchán don athbhreithniú ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach agus ar na Pleananna Straitéiseacha Limistéir Cathrach a chur san áireamh. Áiríodh leis sin páipéir scóipe a fhorbairt ar na téamaí ábhartha agus Ceardlanna Faisnéisithe maidir le Ceantar Pleanála Straitéisí a óstáil le Comhaltaí an Tionóil i Meán Fómhair 2025.

Straitéis Réigiúnach Spásúla agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt

Is creat forbartha réigiúnach straitéiseach 12 bhliain í an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach, a foilsíodh in Eanáir 2020, don chaoi ar cheart ár sochaí, ár gcomhshaol, ár ngeilleagar agus ár n-úsáid talún a fhorbairt. Áirítear leis sin Pleananna Straitéiseacha Limistéir Cathrach

do [Chorcaigh](#), [Luimneach-Sionainn](#) agus [Port Láirge](#), agus straitéisí dár bPríomhbhailte, bailte, sráidbhailte agus ceantair thuaithe.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach tacú le seachadadh an chláir um athrú atá leagtha amach i [dTionscadal Éireann 2040](#), sa [Chreat Pleanála Náisiúnta](#), sa [Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-27](#). Ba é fócas na hoibre i ndiaidh an fhoilsithe ná cur chun feidhme.

Gníomhartha Chur Chun Feidhme

Tá 301 cuspóir ag an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach: 229 Cuspóir Beartais Réigiúnaigh, mar aon le cuspóirí sonracha do Phleananna Straitéiseacha Limistéir Cathrach: 22 do Chorcaigh, 23 do Luimneach-Sionainn agus 27 do Phort Láirge. Tá spriocanna éagsúla ag baint leis na cuspóirí sin agus baineann siad le gníomhaíochtaí sonracha a bheidh le déanamh ag páirtithe leasmhara - Réigiúnach, Oiliúnach agus Tacúil.

Tugann na cuspóirí aghaidh ar thrí cholún uileghabhálacha a chomhfhreagraíonn do 11 Ráiteas Straitéise sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach:

- Réigiún Glas
- Réigiún Inmharthana
- Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach



Gníomhaíochtaí, Dul Chun Cinn agus Clocha Míle in 2025

Ba é an tosaíocht do 2025 ná leanúint de Chuspóir 226 an Bheartais Réigiúnaigh a bhaint amach: Laistigh de bhliain tar éis chruthú na Straitéise Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnaí, bunóidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt sásanna, pleananna agus

struchtúir láidre cur chun feidhme, lena n-áirítear coistí grúpaí stiúrtha trasearnálacha agus coistí grúpaí stiúrtha na n-údarás áitiúil trasteorann, chun a áirithiú go mbeidh seachadadh na Straitéise Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnaí agus na bPleananna Straitéiseacha Limistéir Cathrach sonracha intomhaiste, insroichte, réadúil agus faoi cheangal ama.

Áireofar sa chéim cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta lena n-áirítear spriocanna atá ceangailte ó thaobh ama de, táscairí, dul chun cinn agus plean socraithe rianaithe tionscadal chun seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil a áirithiú. Rinneadh an cuspóir sin a chur chun cinn trí na 34 Ghníomh Cur Chun Feidhme mar seo a leanas:

	Tasc	Príomhréimse Dul Chun Cinn/Príomhfhadhb lena bhfuil bac á cur ar an dul chun cinn
Uimh. Tasc 1	Seachadadh spriocanna an Chreata Náisiúnta Pleanála/na Straitéise Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnaí a chinntiú do Réigiún an Deiscirt, lena n-áirítear Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 1a a chur chun cinn – Deighilt 50:50 agus Moltaí Thuarascáil an Dara Bhliain a Chur i bhFeidhm. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnach 226: Cur chun feidhme Sásra don Straitéis agus do na Pleananna Straitéiseacha Limistéir Cathrach.	Thug Tionól Réigiúnach an Deiscirt faoi ghníomhaíocht chomhbheartaithe i dtaca le Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 1a den Chreat Náisiúnta Pleanála, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar chumas na struchtúr réigiúnach chun an Creat Náisiúnta Pleanála a bhaint amach agus critic a dhéanamh ar fhothacaíocht struchtúrtha na hinfheistíochta. Sainaithníodh sa tuarascáil go raibh seachadadh tithíochta i Réigiún an Deiscirt ar chúl ó thaobh na spriocanna sna Pleananna Forbartha lena glacadh, agus go raibh an ráta faoin sprioc seachadta i Réigiún an Deiscirt níos suntasaí ná mar a bhí i mBaile Átha Cliath agus i réigiún an Lár-Oirthir. Sainaithníodh na príomh-shaincheisteanna ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil ag a mbíonn tionchar ar sheachadadh tithíochta, lena n-áirítear dálaí an mhargaidh agus inmharthanacht, bacainní ar ghníomhachtú talún athfhorbraíochta, srianta bonneagair. Bhí moladh uileghabhálach ann nach mór d’idirghabhálacha an rialtais atá dírithe ar sholáthar tithíochta náisiúnta méadaithe a shaincheapadh chun cúinsí éagsúla ar fud réigiún agus ceantar áitiúil a chur san áireamh. I Meitheamh 2025, chuir an Tionól aighneacht isteach ar an gcomhairliúchán poiblí ar Athbhreithniú an Phlean Forbartha Náisiúnta. San aighneacht, leagadh béim ar an anailís atá déanta ag an Tionól lena sainaithnítear nach raibh an caiteachas caipitil a bhí beartaithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta ag teacht le cuspóirí spáis an Chreata Náisiúnta Pleanála, go háirithe i dtaca le Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 1, agus nach bhfuil aghaidh tugtha ar na heasnaimh bhonneagair is suntasaí atá i Réigiún an Deiscirt. Leagadh béim ann ar na tosaíochtaí straitéiseacha atá ríthábhachtach, de réir an Tionóil, chun tacú le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála dár réigiún. Chomh maith leis sin agus chun cur leis sin, chuir an Tionól aighneacht isteach ar chomhairliúchán an Rialtais maidir le Seachadadh Bonneagair a Luasghéarú. San aighneacht, leagadh béim ar na príomh-shaincheisteanna struchtúrtha atá sainaitheanta ag an Tionól atá ag cur le moill ó thaobh infheistíochta agus seachadadh bonneagair de, agus na saincheisteanna atá ann i dtaca le tionscadail atá suntasach go réigiúnach a sheachadadh lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Leagadh béim ann ar na dúshláin atá ann mar gheall ar chuma láraithe rialachas na hÉireann agus cuireadh moltaí ar aghaidh faoin gcaoi gur féidir aghaidh a thabhairt orthu trí mheán maoinithe mhalartaigh agus sásanna feidhmithe.

Uimh. Tasc 2	Bunú Struchtúr do Phlean Straitéiseach Limistéir Cathrach Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnach 226: Cur chun feidhme Sásra don Straitéis agus do na Pleananna Straitéiseacha Limistéir Cathrach.	- Bhí rannpháirtíocht leanúnach ar siúl le Coiste Stiúrtha Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí do Cheantar Cathrach Chorcaí. - Rannpháirtíocht sna struchtúir chur chun feidhme nua Mhéara Dírthofa Luimnigh 2040. - D'ullmhaigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt cur chuige comhaontaithe – ‘Guth Aontaithe’ do Cheantar Cathrach Phort Láirge lena bhféachtar le sásra foirmiúil comhordaithe/soláthair a chur ar bun lena nasctar Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ranna rialtais ábhartha eile, agus páirtithe leasmhara ábhartha, agus é an cuspóir atá acu go léir ná guth aontaithe a chur ar fáil d’fhorbairt an Cheantair Cathrach. Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl maidir le bunú na struchtúr nua sin. Bhí Tionól Réigiúnach an Deiscirt taobh thiar d’athrú struchtúrtha na bPleananna Straitéiseacha Limistéir Cathrach a mholadh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus mar chuid d’obair ECCE ar athbhreithniú an Chreata Náisiúnta Pleanála.
Uimh. Tasc 3	Táscairí Réigiúnacha a Fhorbairt agus Monatóireacht Cuspóirí Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 68 Infheistíocht Réigiúnach; 71 Bonn Fianaise Comhroinnte; agus 226 Sásra Cur chun Feidhme don Straitéis agus do Phleananna Straitéiseacha Limistéir Cathrach.	Is príomhthasc é sin lena gcumasaítear rianú ar sheachadadh bonneagair don Réigiún lena n-áirítear forbairt cumais Chóras Faisnéise Geografaí an Tionóil. Áiríodh leis na tascanna: - Cuireadh rianú ar sheachadadh bonneagair agus anailís ar phríomhthreochtaí lena n-áirítear torthaí Dhaonáireamh 2022, faisnéis úr maidir le soláthar tithíochta, chomh maith le forbairt acmhainn an Chórais Faisnéise Geografaí, agus cuireadh i bhfeidhm go rathúil é. Bhí an obair sin mar phríomhchuid de na tuarascálacha agus de na haighneachtaí a luaitear i dTasc 1, agus bhí an obair mar thacú i rannpháirtíocht níos leithne an Tionóil leis Comhaltaí, leis na húdaráis áitiúla, leis na gníomhaireachtaí náisiúnta, agus leis na príomhpháirtithe leasmhara eile. Chomh maith leis sin, cuireann sé leis an mbonn fianaise don athbhreithniú atá le teacht ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach. - Bhí Mol Mhonatóir um Fhorbairt Réigiúnach á nuashonrú agus á forbairt go leanúnach. Is tionscadal comhoibríoch é idir na trí Thionól Réigiúnacha, an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Oileáin ag Ollscoil Mhá Nuad agus comhpháirtithe bonneagair spásúla Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann tríd an ardán GeoHive. Déantar réimse táscairí socheacnamaíocha agus comhshaoil ábhartha a chomhordú agus a shamhlú leis chun feidhmíocht gach ceann de na trí Réigiún a chur i láthair maidir leis na cuspóirí a leagtar amach ina Straitéisí Spáis agus Eacnamaíocha Réigiúnacha faoi seach a bhaint amach. Soláthraítear leis sraith bonneagair náisiúnta léarscáilithe agus léirshamhlaithe chun cuidiú le Ranna Rialtais, Tionól Réigiúnacha, Údaráis Áitiúla, Pleanálaithe, Lucht Déanta Beartas, Taighdeoirí agus baill den phobal léargas níos fearr a fháil ar threochtaí sóisialta, eacnamaíocha, agus comhshaoil chun cur le cinnteoireacht níos fearr. Díritear ann freisin ar tháscairí a bhaineann le Torthaí Straitéiseacha

		Réigiúnacha /Ráitis Straitéise na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnacha agus mar aon lena n-athróra socheacnamaíocha agus comhshaoil cuí agus déanfar é a chatagóiriú i gceithre phríomhphrionsabal: Ár nDaoine agus ár nÁiteanna, Ár dTodhchaí Ghlas agus Inbhuanaithe, Geilleagar ár Réigiún, agus Peirspictíocht Uile-Oileáin. - Seoladh “an tAtlas Náisiúnta Daonáirimh” atá á óstáil ar ardán Monatóra um Fhorbairt Réigiúnach ag an Aire Peter Burke ar an 6 Feabhra 2025 i mBaile Átha Cliath. Leis an mol, cuirtear amharcóir mapa idirghníomhach ar fáil ina bhfuil torthaí mionsonraithe ó Dhaonáireamh 2022 ag leibhéal geografach an Cheantair Bhig. - Ceapachán comhairleoirí (Arup) don Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta don Athbhreithniú ar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach.
Uimh. Tasc 4	Comhoibriú idir na Ceantair Chathrach: Corcaigh; Luimneach-Sionainn; Port Láirge; agus Gaillimh. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh 6: Comhoibriú idir na Ceantair Chathrach.	D'éascaigh an fhoireann Pleanála Réigiúnaí idirphlé idir na trí Cheantar Cathrach, Corcaigh, Luimneach-Sionainn agus Port Láirge sa Réigiún, ag díriú ar na saincheisteanna praiticiúla lena n-áirítear cruinnithe idir fhoireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus Údaráis Áitiúla chun tacú le cur chun feidhme an Bhonneagair Ghlais Ghoirm agus na Réiteach Dúlra bhunaithe. Tá an obair sin nasctha leis an bhFóram Réigiúnach Dúlra níos leithne a sholáthraíonn ardán chun dea-chleachtas agus eolas sa réimse sin a roinnt.
Uimh. Tasc 5-15	Cinntiú go ndéanfar Clár Athraithe na Straitéise Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnaí a chuimsiú sa Phróiseas um Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.	D'oibrigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt leis na húdaráis áitiúla ar fad sa Réigiún mar chuid dá bpróisis an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, mar a cheanglaítear faoi Alt 66 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil. In 2025 eisíodh Ráiteas na Comhsheasmhachta idir Phleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail agus an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chiarraí agus cuireadh an próiseas i gcrích leis sin.
Uimh. Tasc 16	Plean Gníomhaíochta don Réigiún Foghlama a chur i bhfeidhm.	Bhí caidreamh gníomhach leanúnach ar siúl le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Institiúidí Ardoideachais, Boird Oideachais agus Oiliúna agus údaráis áitiúla maidir le Líonra Réigiúin Foghlama a fhorbairt. Chomh maith leis sin, ghlac an Tionól páirt in imeachtaí eagraithe trí Líonra uile-oileáin Chathracha Foghlama na hÉireann.
Uimh. Tasc 17	Port Láirge a bhunú mar Chathair Foghlama UNESCO. Cuspóirí Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 39 Deiseanna Eacnamaíochta agus Rogha dár Saoránaigh uile; 63 Scileanna agus Tallann; 186 Foghlaim ar Feadh an tSaoil; 187 Oideachas agus Oiliúint; 190 Tionscnaimh um Foghlaim ar feadh an	I ndiaidh iarratas in 2023 faoi stiúir Thionól Réigiúnach an Deiscirt, Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, baineadh amach an tasc seo go rathúil nuair a rinneadh Cathair Foghlama ainmnithe EOECA de Phort Láirge go luath in 2024. Bhí an Tionól i mbun ionadaíochta ar Ghrúpa Oibre Chathair Foghlama EOECA Phort Láirge le caidreamh gníomhach agus rannpháirtíocht leanúnach in imeachtaí na Cathrach Foghlama i gCorcaigh, Luimneach agus Port Láirge.

	tSaoil agus Cathracha Sláintiúla; agus Cuspóir Bheartais 23 de Phlean Straitéiseach Cheantair Cathrach Phort Láirge: Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Scileanna.	
Uimh. Tasc 18	Straitéis Chumarsáide Thionól Réigiúnach an Deiscirt a chur i bhfeidhm. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh 73: Brandáil Idirnáisiúnta an Réigiúin agus Clú.	Déantar cuntais meán sóisialta agus suíomh gréasáin Thionól Réigiúnach an Deiscirt a nuashonrú go leanúnach maidir le himeachtaí a tharlaíonn agus ar ábhair atá ábhartha sa réigiún. Amhail 2025, tá an Tionól tiomanta dár suíomh gréasáin agus ár gcuntais meán sóisialta a dhéanamh níos inrochtana, i gcomhréir le Rialacháin an AE. Táimid ag obair go leantach chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár n-iarrachtaí chun inrochtaineacht dhigiteach a chinntiú agus chun na hiarrachtaí sin a nuashonrú.
Uimh. Tasc 19	Plean Gníomhaíochta um Réigiún Cliste an Deiscirt a fhorbairt. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh 134: Cathracha Cliste agus Réigiún Cliste.	Tá tionscnamh um Réigiún Cliste an Deiscirt á chur chun cinn ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt, ag cur lena sheoladh ar an 18 Eanáir 2023. Áirítear leis na forbairtí: cur chuige réigiúnach a fhorbairt do Speisialtóireacht Chliste (S3), uirlis mhapála tionscadail Réigiúin Chliste an Deiscirt i gcomhar le húdaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara, Plean Cliste Gníomhaíochta Réigiún an Deiscirt a fhorbairt, agus chun Líonra Réigiúin Chliste an Deiscirt a bhunú. Tá an Tionól ag féachaint freisin ar bhealaí féideartha maoinithe AE agus náisiúnta do shainsheirbhísí chun oibriú leis an Tionól ar na gníomhartha seo. Tá siad i mbun Réamhghníomhaíocht an AE 'Nuálaíocht d'athrú bunaithe ar áit' chun tacú leis na chéad chéimeanna eile i bhforbairt réigiúin chliste. Ainmníodh an Tionól mar Ghleann Réigiúnach Nuálaíochta i Meitheamh 2024 mar chuid de Chlár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht (NEIA) ag an gCoimisiún Eorpach.
Uimh. Tasc 20	Straitéis Lastais Réigiúnach a fhorbairt. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 141 Straitéis Lastais Réigiúnaigh.	Ceanglaítear ar Thionóil Réigiúnacha, mar aon leis an Údarás Náisiúnta Iompair, i nGníomh 24 de Straitéis Tarlaithe Bóthair 2022-2031 agus Gníomh 11b de Ag Aistriú le Chéile – Cur Chuige Comhoibríoch d'Athrú Córais san Iompar (2026-2030), forbairt Straitéisí Lastais ag an Leibhéal Réigiúnach a threorú i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara, de réir chuspóirí na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha. Ceanglaítear de réir Ghníomhaíocht 23 go n-ullmhófar straitéisí lastais ar leibhéal na cathrach do Chorcaigh, Luimneach-Sionainn, agus Port Láirge chomh maith. Tá treochlár ullmhaithe ag an Tionól maidir le forbairt na straitéise seo i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Cuirfear tús leis an bpróiseas in 2026 i ndiaidh feabhsuithe maidir le sonraí trí Ghníomh 02, 03 agus 06 den Straitéis Tarlaithe Bóthair. Tá sé socraithe go mbeidh sé curtha i gcrích faoi R4 2027.
Uimh. Tasc 21	Straitéis Calafort agus Cuanta a fhorbairt do Réigiún an Deiscirt. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 145 Straitéis Calafort agus Cuanta do Réigiún an Deiscirt.	I ndiaidh Cairt Tionscadail a chur i gcrích lena leagtar amach scóip agus aidhmeanna na hoibre sin, leanfaidh an Tionól le comhordú a dhéanamh leis an Roinn Iompair agus ag oibriú le páirtithe leasmhara iompair, comhlachtaí poirt, údaráis áitiúla, agus páirtithe leasmhara eile chun Straitéis Calafort agus Cuanta do Réigiún an Deiscirt a ullmhú. Choimisiúnaigh an Tionól saintaighde agus tuarascáil maidir le ‘Tionchar Eacnamaíochta Chalafoirt Réigiúin an Deiscirt’ ag Menon Economics agus foilsíodh í i Meán Fómhair 2024.

		Sa tuarascáil sin déantar measúnú ar thábhacht an tionchair shocheacnamaíoch agus cumas fáis amach anseo ó thaobh gníomhaíochtaí cuanta agus calafort agus a bhfiontar gaolmhara agus slabhraí soláthair do gheilleagar an Réigiúin de (mar shócmhainní aonair agus mar chomhshócmhainní réigiúnacha), na deiseanna atá ann do thodhchaí carbóin níos ísle agus ról na gcalafort maidir le forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú. Chomh maith leis sin, cuirtear bonn fianaise ar fáil leis an anailís sin d'fhonn ról tábhachtach ár gcalafort agus ár gcuanta amach anseo a chur in iúl chun forbairt chothrom eacnamaíochta réigiúnach a bhaint amach. Cuirfear an obair seo isteach san athbhreithniú ar Bheartas Náisiúnta na gCalafort, tá an chéad chéim chomhairliúcháin eile don doiciméad sin dlite in R2/R3 2026 agus i bpleananna straitéiseacha eile do cheantair chósta agus mhuirí ár Réigiúin.
Uimh. Tasc 22	Straitéis Aerfoirt a bhunú do Réigiún an Deiscirt. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh 149: Straitéis Aerfoirt do Réigiún an Deiscirt.	larchuireadh an gníomh sin le cur san áireamh mar chuid d'Athbhreithniú na Straitéise Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnaí.
Uimh. Tasc 23	Soghluaisteacht Inbhuanaithe. Cuspóirí Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 151-174 agus Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 176 maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, nascacht réigiúnach fheabhsaithe agus sochaí ísealcharbóin inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.	Áirítear leis an dul chun cinn maidir leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach, an Straitéis Iompair agus an Plean um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe Náisiúnta: - Rannpháirtíocht i bhFoirne Ceannaireachta agus Seachadta an Phlean Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus san údarás bainistíochta don Tionscadal Náisiúnta um Threo-Aimsitheoir 30, an Clár maidir le Luasaire Cliste agus Inbhuanaithe Soghluaisteachta i ngach ceann de na trí réigiún chun dearadh agus cur chun feidhme tionscadal um shoghluaisteacht chliste agus inbhuanaithe a éascú agus leibhéil níos airde d'athrú iompraíochta agus aistriúthe córa iompair chun astaíochtaí carbóin ón earnáil iompair a laghdú. Is é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an t-údarás bainistíochta thar ceann na Roinne Iompair agus an trí Thionól Réigiúnach chun an tionscadal 3 Bliana sin a bhaint amach. Lainseáladh an Clár in 2023. Tharla cruinnithe ráithiúla le páirtithe leasmhara den Chéad Chonair (údaráis áitiúla) i gcaitheamh na bliana 2024. Bhí oiliúint do pháirtithe leasmhara den Dara Conair (Comhairleoirí), den Tríú Conair (Gníomhairí Nuálaíochta agus Acadóirí) agus den Cheathrú Conair (Ionadaithe an Phobail) ar siúl in 2025. Cuireadh an clár píolótach i gcrích in 2025, ach beidh acmhainn an phobail a fhorbairt fós á cur ar fáil tríd an Roinn Iompair, tríd an Údarás Náisiúnta Iompair agus trí Bhonneagar Iompair Éireann, agus cuirfear ceachtanna foghlama ón gclár píolótach san áireamh. - Tacaíocht leanúnach d'acmhainn an phobail a fhorbairt agus gníomhaíochtaí chun cathracha, bailte agus comharsanachtaí 10-15 nóiméad a chur i bhfeidhm, ag cur le foilsiú Thuarascáil Mhodheolaíochta agus Chreat Baile 10 Nóiméad Thionól Réigiúnach an Deiscirt. - Ullmhú agus cur chun feidhme Straitéisí Iompair Uirbigh (Corcaigh, Luimneach-Sionainn agus Port Láirge), Pleananna

		lompair Áitiúil agus Pleananna um Shoghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe. • Idirchaidreamh leis an Roinn lompair, leis an Údarás Náisiúnta lompair, agus le Bainistíocht ar Éileamh agus aighneacht ar chomhairliúchán ar Bhainistíocht ar Éileamh trí mheán ceardlanna.
Uimh. Tasc 24	Bonneagar Gorm Glas agus Réitigh Dhúlra bhunaithe a chur chun feidhme le haghaidh seachadadh bonneagair. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 124 Bonneagar Glas.	Bhí caidreamh gníomhach leanúnach againn le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun Bonneagar Gorm/Glas agus Réitigh Dhúlra bhunaithe a chur chun cinn. I Nollaig 2025, reáchtáil ESPON Ollscoil Mhá Nuad agus an Tionól comhsheimineár i Nollaig 2025 ar Oiriúnú Dhúlra bhunaithe ar Athrú Aeráide: Cumas an Bhonneagair Ghoirm/Ghlais. Bhí an seimineár mar chuid de chruinnithe Chlár Fóraim Réigiúnaigh Dúlra an Tionóil Réigiúnaigh a reáchtáladh chun struchtúr tacaíochta a chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla, gníomhaireachtaí agus cleachtóirí eile atá páirteach i bhfeidhmiú praiticiúil an Bhonneagair Ghoirm/Ghlais agus na Réiteach Dhúlra bhunaithe. I bhFeabhra 2025, ghlac Foireann Pleanála an Tionóil páirt i seisiún piarfhoghlama trasnáisiúnta mar chuid de Chathracha Bithéagsúla Tionscadal Interreg na Mara Thuaidh agus chuir an Tionól a obair i láthair lena gcuireadh an Bonneagar Gorm-Glas agus Réitigh Dhúlra bhunaithe chun cinn i Réigiún an Deiscirt. I Meitheamh 2025, ghlac Foireann Pleanála an Tionóil páirt i bpiarmheasúnú do Bhardas Alba Iulia maidir le dúshláin bheartais i dtaca le hathchóiriú abhann agus bonneagar gorm-glas. Tá gníomhartha leanúnacha faoin tasc seo fós ar siúl lena leantar le hobair thionscadal Chathracha Gorma Glasa INTERREG na hEORPA.
Uimh. Tasc 25	Treochlár um Straitéis Réigiúnach Leictreachais In-athnuaite a fhorbairt. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 98 Straitéis Réigiúnach Fuinnimh In-athnuaite.	Mar aon le dhá Thionól Réigiúnacha eile, ghlac Foireann Pleanála Réigiúnaí páirt i gcruinnithe comhairliúcháin le hÚdaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht maidir le forbairt Mhodheolaíochta chun Straitéisí Réigiúnacha Fuinnimh In-athnuaite a ullmhú ag gach Tionól Réigiúnach. Is gníomh é an tasc sin de chuid Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais agus Cuspóir Beartais Náisiúnta (Cuspóir Beartais Réigiúnaigh) sa Chéad Dréacht den Chreat Náisiúnta Pleanála arna Athbhreithniú.
Uimh. Tasc 26	Dícharbónú Réigiúnach. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 90 Dícharbónú Réigiúnach.	Tá taighde ar Chríocha agus ar Gheilleagar Ísealcharbóin déanta mar chuid de Thionscadal ESPON Locate agus soláthrófar leis taighde cúlra úsáideach chun Plean um Dhícharbónú Réigiúnach a ullmhú. Tá Gníomhaireacht Fuinnimh an Oirdheiscirt ag tabhairt faoi roinnt réamhoibre chomh maith do Phlean um Dhícharbónú Réigiúnach mar chuid de 1ú Tionscadal Interreg REGIO.

Uimh. Tasc 27	Gníomhú ar son na hAeráide a Chomhordú le hOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide Cuspóirí Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 87 Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin; 88 Plean Náisiúnta um Maolú agus Creat Náisiúnta um Oiriúnú; 89 Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide a Fhorbairt; agus 90: Dícharbónú Réigiúnach.	Leanann an Fhoireann Pleanála Réigiúnaí le páirt a ghlacadh i gcruinnithe ráithiúla an Ghrúpa Stiúrtha le Bord Farraige Theas CARO an Deiscirt, ar cheisteanna a bhaineann leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil.
Uimh. Tasc 28	Scóip agus ról na Straitéise Réigiúnaí Tírdhreacha don Réigiún a shainaithint. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 129 Tírdhreach.	Tá moill curtha ar an dul chun cinn maidir leis an tasc sin go dtí go bhforbrófar an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha.
Uimh. Tasc 29	Tacú le forbairt na Conaire Thoir agus tacaíocht leanúnach do thionscnamh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh. Cuspóirí Ábhartha Beartais Réigiúnaigh 41: Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh agus 42: An Chonair Thoir.	Tá sonraí maidir le cur chun feidhme Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh leagtha amach i gCaibidil 4, Réigiún Cruthaitheach agus Nuálach. Tar éis réamhthaighde a rinneadh ar an gConair Thoir in 2023, oibríodh le comhaltaí tofa de chuid Thionól Réigiúnach an Deiscirt ó Loch Garman agus bhí cruinniú ann leis an bhFeidhmeannach ag Comhairle Contae Loch Garman. Tá tuilleadh caidreamh gníomhach le Comhairle Contae Loch Garman agus le páirtithe leasmhara eile ar siúl agus tá caidreamh gníomhach substainteach leis an bpróiseas sin á fhorbairt trí thionscadal FutureECOS.
Uimh. Tasc 30	Acmhainn a fhorbairt agus cumas tairisceana na n-údarás áitiúil, gníomhaireachtaí rialtais agus páirtithe leasmhara réigiúnacha a neartú. Cuspóir Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 70 Acmhainn Tairisceana.	Tá cur chun feidhme maidir leis sin á dhéanamh ar bhonn leanúnach trí aighneachtaí maidir leis na Pleananna Forbartha, forbairt ceardlann, rannpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla agus Líonra CCE.
Uimh. Tasc 31	Pleanáil Spásúlachta Mhuirí. Cuspóirí Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 76 Geilleagar Muirí; 77 Pleanáil Spásúil Mhuirí – Comhsheasmhacht agus Ailíniú; agus 78: Ceannródaí faoin gCreat Náisiúnta Pleanála Muirí.	Táthar ag leanúint le comhordú a dhéanamh leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil - Rannóg um Beartas agus Reachtaíocht Mara maidir le ról réigiúnacha i bpróisis an Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe amach anseo. Ghlac Tionól Réigiúnach an Deiscirt páirt i bhfóram do pháirtithe leasmhara do Phlean Náisiúnta Limistéir Mhuirí Ainmnithe. Glacadh páirt i bhfóram páirtithe leasmhara do Phlean Náisiúnta Straitéiseach d'Fhorbairt Inbhuanaithe Dobharshaothraithe. Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt aighneachtaí don chomhairliúchán poiblí maidir le Ráiteas an Bheartais Pleanála Mara agus arna thacú ag Údarás Rialála Limistéir Mhuirí chun oiliúint a chur ar fáil d'Údaráis Pleanála Cósta i Réigiún na Pleanála Mara.

Uimh. Tasc 32	Pleananna Fiontar Réigiúnacha. Ráiteas Straitéise Réigiúnaí Ábhartha: 5 Geilleagar Láidir.	Leanann Tionól Réigiúnach an Deiscirt le páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnacha, lena n-áirítear ról ceannaire gníomhaíochta agus comhpháirtí gníomhaíochta a ghlacadh chun cuidiú le grúpaí téamacha oibre a thionólfar chun Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha an Iardheiscirt, an Oirdheiscirt, an Iarthair Láir a chur chun feidhme de réir mar is gá. Bíonn rannpháirtíocht ar choistí stiúrtha cur chun feidhme agus líonrú leis na triúr Bainisteoirí Cláir an Phlean Fiontraíochta Réigiúnach ar siúl chomh maith.
Uimh. Tasc 33	Bithgheilleagar a fhorbairt trí Thionscadal ROBIN. Cuspóirí Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 57 Ráiteas Beartais Náisiúnta um Bithgheilleagar; agus 58 Bithgheilleagar agus Ceantair Thuaithe.	Faoi stiúir Rannán Chláir an Aontais Eorpaigh, bhí an fhoireann Pleanála Réigiúnaí páirteach i soláthar leanúnach an tionscadail ROBIN, a bhfuil sé mar aidhm leis cumhacht a thabhairt do réigiúin na hEorpa a múnlaí agus a struchtúir rialachais a oiriúnú ar bhealaí lena gcuirfear dlús le baint amach a gcuid spriocanna bithgheilleagair chiorclaigh agus nuálaíocht shóisialta á cur chun cinn agus cuntas á thabhairt ar chomhthéacsanna éagsúla teorann. Leis an tionscadal, forbraíodh Gníomhaíochtaí Tacaíochta ROBIN do Rialachas Bithgheilleagair agus tá Uirlis Phleanála um Chaomhnú Comhshaoil de chuid Uirlisí ROBIN mar thoradh deireanach de.
Uimh. Tasc 34	Ról Tionól Réigiúnach an Deiscirt i gComhforbairt Áite a fhorbairt; agus Lonnaíochtaí Inbhuanaithe agus Dlútha. Cuspóirí Ábhartha Beartais Réigiúnaigh: 31 Creat Áiteanna Inbhuanaithe; 34 Forbairt Athghiniúna, Athfhorbraíochta agus Inlonta; agus 35 Tacaíocht le haghaidh Dlúthfháis.	Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ina chomhpháirtí i dtionscadal Interreg na hEorpa dar teideal PROXIMITIES, lena gcuirtear chun cinn an coincheap maidir le comhforbairt áite mhaith agus an cur chuige maidir le dlúthfhás i suíomhanna imeallacha na 3 Chathair sa Réigiún – Corcaigh, Luimneach, agus Port Láirge. Turais staidéir go Manresa na Spáinne agus Ríge na Laitvía agus Livorno na hIodáile le linn 2025. D’óstáil an Tionól cuairt staidéir go Corcaigh i mBealtaine 2025, lena leagtar béim ar a dhea-chleachtais, lena n-áirítear Scéim Tithíochta Áras Mhuire ar Bhóthar na Sceiche Airde agus Forbairt Uirbeach agus Páirc Réigiúnach Bhaile an Chollaigh. Lean sé ar aghaidh le caidreamh gníomhach le Páirtithe Leasmhara, lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, údarais áitiúla, agus comhlachtaí poiblí eile chun eolas agus caidreamh gníomhach a chur chun cinn i dtaca le ról na comhforbartha áite a fhorbairt sa Réigiún.

Ionadaíocht ar an ndearcadh agus ar an gcaidreamh gníomhach réigiúnach

Rinneadh ionadaíocht i bpróisis/fóraim ábhartha leanúnacha AE, náisiúnta agus réigiúnacha cur chun feidhme beartais lena n-áirítear:

[Grúpa Oiliúna Sheirbhísí Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil](#) – Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt forbairt ar mhodúl na dTionól Réigiúnach a bhaineann leis an gcúrsa nua náisiúnta ar an oiliúint phleanála, ar son na dtrí thionól.

An Roinn Iompair – [Beartas um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe](#) – Grúpa Ceannaireachta.

Bord [Thionscadal Éireann 2040](#).

An Fóram Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

An Fóram Náisiúnta um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta.

Fóram Náisiúnta na Measúnachta Cuí

Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce de chuid Uisce Éireann agus Pleananna Réigiúnacha um Acmhainní Uisce.

Pleananna Réigiúnacha Fiontraíochta; Rannpháirtíocht sa Ghrúpa Stiúrtha do Phleananna Réigiúnacha Fiontraíochta.

Fóram Scileanna Réigiúnacha.

Foireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre.

Tús Áite do Lár an Bhaile.

Grúpa stiúrtha - Straitéis Bainistíochta um Athrú Cósta.

Grúpa Comhairleach na bPleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail

Grúpa Stiúrtha um Pleanáil don Athrú Aeráide.

Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh.

Comhairliúchán agus comhoibriú leis an Roinn Iompair, le Bonneagar Iompair Éireann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i dtaca le cur chun feidhme Straitéis Iompair na Straitéise Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnaí, lena n-áirítear ullmhúchán agus cur chun feidhme na Straitéisí Iompair Uirbhí agus na Pleananna Iompair Áitiúil.

Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin - an Roinn Iompair.

Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Lastais Iarnróid le hIarnród Éireann.

Creat Pleanála Mara Náisiúnta – comhairliúchán le Rannán Beartas Pleanála Mara na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Caidreamh gníomhach, taighde, agus oiliúint trí Fhóram Oifig an Rialálaí Pleanála.

Taighde acadúil le Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (faoi Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta na Comhairle um Thaighde in Éirinn) ar Comhionannas Réigiúnach a Bhaint Amach – Dinimic Uirbeach Tuaithe i Réigiún an Deiscirt in Éirinn Beartas Líonra Iompair Tras-Eorpach an AE.

Fóram Iompair Idirnáisiúnta.

Plean Gníomhaithe ón Aire maidir le Coiste Stiúrtha na nAcmhainní Pleanála.

Grúpa Náisiúnta Scáthánaithe do Chathracha Misin.

Grúpa Stiúrtha na Zón Dícharbónaithe.

Cur i láthair ag Comhdháil ECFE – Moncton - Ceanada

Aighneachtaí 2025

- Athrú Beartaithe Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Chathair agus Chontae Chill Chainnigh 2021 - 2027 – 16.01.2025
- Athrú Beartaithe Uimh. 1 - Plean Forbartha Chontae Cheatharlach 2022-2028 – 04.02.2025
- Comhairliúchán maidir le Tionscadal Soláthair Uisce do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre - Aighneacht Thionól Réigiúnach an Deiscirt – 04.03.2025
- Athrú Beartaithe Uimh. 4 ar Phlean Forbartha Chathair agus Chontae Chill Chainnigh 2021 -2027 – 07/03/2025
- Athrú Beartaithe Uimh. 1 de Phlean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028 – 21.03.2025
- Dréachtdoiciméad Chreat Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chiarraí 2025 - 2030 (Dréachthplean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail) – 14.05.2025
- Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Ceantar Dugaí Chorcaí) ar Phlean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028 – 27.05.2026
- Athrú Beartaithe Uimh. 5 ar Phlean Forbartha Chathair agus Chontae Chill Chainnigh 2021 -2027 – 16.06.2025
- Aighneacht chuig Comhairliúchán Athbhreithnithe an Phlean Forbartha Náisiúnta – 25.06.2025
- Athruithe Ábhartha ar Athrú Beartaithe Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028 – 03.07.2025.
- Freagairt Thionól Réigiúnach an Deiscirt ar Chomhairliúchán maidir le Ráiteas Beartais Pleanála Mara – 10.07.2025
- Athrú Beartaithe Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028 – 11.07.2025
- Athrú Beartaithe Uimh. 2 - Plean Forbartha Chontae Cheatharlach 2022-2028 – 28.07.2025
- Athrú Beartaithe Uimh. 6 ar Phlean Forbartha Chathair agus Chontae Chill Chainnigh 2021 -2027 (Dréachthplean Creata Phort an Chalaigh/Chalafort Belview) – 18.09.2025
- Athrú Beartaithe Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chathair agus Chontae Phort Láirge 2022 – 2028 – 18.09.2025.
- Comhairliúchán ar Mhapáil Chríche Náisiúnta don Leictreachas In-athnuaite – 10.10.2025
- Ráiteas Straitéis an Údaráis Náisiúnta Iompair – 22.10.2025
- Athruithe Ábhartha Beartaithe ar: Athrú Beartaithe Uimh. 2 Phlean Forbartha Chontae Cheatharlach 2022-2028 chun Plean Baile Ceantair Mhuine Bheag/na Darach Ríoga a chorprú – 22.10.2025.
- Comhairliúchán ar Phlean Sóisialta Aeráide – 22.10.2025
- Athruithe Ábhartha ar Athrú Beartaithe Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028 – 30.10.2025.
- Comhairliúchán ar Straitéis an Gheilleagair Chiorclaigh – 05.11.2025
- Comhairliúchán Poiblí ar Fhorbairt an Chláir Tosaíochtaí agus Beartais d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh 2026 – 12.12.2025
- Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann 2026-2031 – Doiciméid Comhairliúcháin Phoiblí is Comhairliúchán Críochnaitheach Scríofa – 12.12.2025

Is féidir teacht ar aighneachtaí sa chuid [Acmhainní agus Foilseacháin](#) de shuíomh gréasáin Thionól Réigiúnach an Deiscirt.

Cláir Réigiúnacha CFRE



Forléargas

Chomh maith leis sin, ba é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an tÚdarás Bainistíochta do [Chlár Réigiúnach CFRE cómhaoinithe an Deiscirt, agus an Oirthir agus Lár na Tíre 2021-27](#). Sa Chlár Réigiúnach tacaítear le forbairt chothrom réigiúnach trí mheán infheistíocht €663 milliún ar fud dhá réigiún NUTS2 i gceantar an chlár – Réigiún [an Deiscirt](#) agus Réigiún [an Oirthir agus Lár na Tíre](#) – faoi na réimsí tosaíochta straitéiseacha seo a leanas:

Réigiúin níos Cliste níos lomaíche: Cumas Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta a fhorbairt in institiúidí taighde réigiúnacha poiblí, lena luasghéaraítear tráchtálú an taighde is úire ag leibhéal an réigiúin, lena dtacaítear le hidirleathadh nuálaíochta agus neartú éiceachóras nuálaíochta réigiúnach i gcomhréir le [Straitéis Speisialtóireacht Chliste na hÉireann](#) agus leis na [Pleananna Réigiúnacha Fiontraíochta](#).

Tosaíocht Straitéiseach	Scéimeanna
Ag Forbairt Níos Cliste Níos Mó Réigiúin lomaíocha	Mol ARC, Tairseacha Teicneolaíochta, Tionscnamh na Nuálaithe, KT Boost, Réigiúin Chliste, TU RISE
Réigiúin Níos Glaise, Níos Tíosáí ar Fhuinneamh a Chruthú agus Aistriú Cóir	Tithe Níos Teo
Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe	THRIVE - Scéim Athbheochana Oidhreachta Lár an Bhaile ar dTús

ARC Hub: Faoi cheannasaíocht Taighde Éireann, tacaíonn an scéim seo le cruthú dhá mhol réigiúnacha a bhogfaidh ar aghaidh tráchtálú taighde agus nuálaíocht réigiúnach. Dhá Mhol ARC nua – Mol ARC do Tháirgí Teiripeacha agus Mol ARC do TFC – cuireadh tús le gníomhaíocht in 2025, an dá cheann acu rangaithe mar Oibriúcháin ag a bhfuil Tábhacht Straitéiseach faoin gClár Réigiúnach agus ag teacht le Straitéis Speisialtóireacht Chliste na hÉireann.

Tairseacha Teicneolaíochta: Sa scéim seo, atá á stiúradh ag Fiontraíocht Éireann, tacaítear le pearsanra in Ollscoileanna Teicneolaíochta agus Institiúidí Teicneolaíochta a mbaineann a c(h) uid ról le feabhas a chur ar an rannpháirtíocht leis an tionscal áitiúil agus tacú leis. Feidhmíonn an 16 Tairseach, atá cómhaoinithe lena gcuid saineolais ar leith, mar dhroichead idir an

Réigiúin Níos Glaise, Níos Tíosáí ar Fhuinneamh agus Aistriú Cóir: Infheistíocht a mhéadú chun éifeachtúlacht fuinnimh tithe cónaitheacha a fheabhsú, lena spriocdhírítear ar úinéirí tí atá buailte ag an tearcrochtain fuinnimh nó atá i mbailte bheith buailte léi.

Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe inár Réigiúin: Tacú le cur chuige comhtháite straitéiseach maidir le hathnuachan bailte trí [Chreat um Lárionad Bailte ar Thús](#) a úsáid

Seachadadh Cláir

D’oibrigh foireann Chlár Réigiúnach an Tionóil go dlúth le trí Chomhlacht Idirmheánacha – an tÚdarás um Ard-Oideachas, Taighde Éireann, agus Fiontraíocht Éireann chun seachadadh cláir a luasghéarú in 2025 Chuir na tionscadail ar a mbronnadh maoiniú in 2024 lena ngníomhaíochtaí agus tháinig tionscadail nua chun cinn faoi ghairmeacha maoinithe nua. Faoi dheireadh Nollaig 2025, bronnadh maoiniú ar bhreis agus nócha tionscadal ilbhliantúla faoi ocht scéim maoinithe.

tionscal agus sainghrúpa taighde a dhéanfaidh an obair theicniúil do chomhlacht na gcliant.

Tionscnamh na Nuálaithe: Faoi stiúir Fhiontraíocht Éireann, sa scéim seo tacaítear leis an chéad ghlúin eile d’fhiontraithe agus ceannairí nuálaíochta trí thumfhoghlaím tiomanta de réir riachtanas. Fad a bhí an chéad chohórt d’fhiontraithe ag dul trí chlár Thionscnamh na Nuálaithe seo a leanas in 2025: Cyber-Innovate, DigiBio (an tsláinte dhigiteach) agus FAST-IP (an teicneolaíocht talmhaíochta), bhí tús curtha leis an earcaíocht don dara grúpa cheana féin. Díríonn gach clár go láidir ar dheiseanna an mhargaidh le modheolaíochtaí bunaithe ar an dearadh-smaoineamh agus tréimhse tumtha do na rannpháirtithe sna heagraíochtaí i gcroílár an aicsein san earnáil ábhartha.

KT Boost: Faoi stiúir Fhiontraíocht Éireann, tá an scéim dírithe ar thacair scileanna a sholáthar lena dtacófar le méadú i dtorthaí taighde tráchtála laistigh d'earnáil an ardoideachais chomh maith le caighdeán leanúnach oibríochtaí a fhorbairt ar fud an Chórais Aistrithe Eolais. Leanfaidh na ról speisialtóra faoi KT Boost ar aghaidh le hacmhainní nua a fhorbairt le bém a leagan ar imeachtaí aistrithe eolais agus teicneolaíochta lena n-áirítear Bainistíocht IP agus ceadúnú féideartha, agus an seachchruthú. Agus aon tairbhí dhéag i réimse an chláir, cinntíonn an scéim go bhfuil sé de chumas ag earnáil ardoideachais na hÉireann an taighde a thráchtálú go héifeachtach.

Réigiún Cliste: Tá sé mar aidhm ag an Scéim na Réigiún Cliste (Nuálaíocht Fiontair), atá á stiúradh ag Fiontraíocht Éireann, méadú eacnamaíoch a luasghéarú ar fud gach réigiún le haird faoi leith ar an bhforbairt fiontraíochta. Tacaíonn sí le forbairt sheirbhísí nuálacha trí bhonneagar áitiúil, cnuasaigh nuálaíochta, Seirbhísí d'Fhiontair bheaga agus mheánacha agus féidearthacht luath agus an taighde a chur faoi réir. Beidh bunú bhonneagar comhaimseartha nuálaíochta mar thoradh air seo, chomh maith le háiseanna taighde, eagraíochtaí a bhfuil sé de shuim acu an t-eolas a scaipeadh, agus cnuasaigh nuálaíochta. Bronnadh maoiniú ar fhiche cúig thionscadal faoi dheireadh 2025.

TU RISE: Tacaíonn an scéim seo, atá á stiúradh ag an Údarás um Ard-Oideachas, le taighde feabhsaithe agus cumas nuálaíochta i sé Ollscoil Teicneolaíochta agus Institiúid Teicneolaíochta ar fud réimse an chláir, lena gcothaítear comhoibriú le fiontair réigiúnacha agus lena gcuirtear spriocanna straitéiseacha náisiúnta agus réigiúnacha chun cinn.

Tithe Níos Teo: Arna threorú ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt, sa scéim tacaítear le huasghráduithe tí maoinithe go hiomlán d'úinéirí-áititheoirí atá i mbaol na bochtaineachta breoslaí, lena gcuirtear feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus ar na dálaí maireachtála trí Thithe Níos Teo de chuid Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

THRIVE: Tacaíonn THRIVE, Scéim Athbheochana Oidhreacht Lár an Bhaile ar dTús, le hathbheochan fhoirgnimh fholmha agus tréigthe oidhreachtacha agus lár bhailte sna príomhbhailte, lárionaid straitéiseacha fáis, agus cathracha, lena gcothaítear pobal atá bríomhar agus inbhuanaithe. Bhí an dara gairm ar mhaoiniú ar siúl in 2025 as a d'eascair bronnadh deich ndeontas caipitil eile. Faoi dheireadh 2025, bhí cúig déag tionscadal Shraith 1 agus ceithre tionscadal déag Shraith 2 á dtacú ag THRIVE. Tá THRIVE i gcomhréir le luachanna agus le prionsabail Lár an Bhaile ar dTús agus Bauhaus Eorpach Nua. Tá an scéim sin á bhainistiú ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt bainistíocht agus tá maoiniú 100% ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla.



Seoladh Clár Threoraí IS na Réigiún Cliste ag Mol RDI - seolann an tAire Norma Foley Clár Threoraí IS na Réigiún Cliste i bhFeabhra 2025

Athbhreithniú Méantréimhseach agus Clár Réigiúnach athbhreithnithe

Éilítear ar Údarás Bhainistíochta, le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, athbhreithniú méantréimhseach a dhéanamh ar a gclár in 2025 chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun a mheas má tá aon leasú ar dhearadh an chlár de dhíth.

D'aithin an Coimisiún Eorpach é sin mar dheis freagartha ar dhúshláin straitéiseach nua don Eoraip agus tugadh moladh chun tosaigh in 2025 chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas comhtháthaithe an AE ar mhaithe le hiomaíocht a neartú, an t-aistriú fuinnimh a luasghéarú, cosaint a fheabhsú, tithíocht inacmhainne a chinntiú, agus athléimneacht uisce a fheabhsú. Dá bharr sin tá Rialachán (AE) 2025/1914 lena dtugtar scóip agus spreagthaí breise d'údarás bhainistíochta chun clár a dhearadh arís agus leis sin, chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí straitéiseach nua i gcomhthéacs an athbhreithnithe méantréimhsigh.

Rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt athbhreithniú méantréimhseach agus chuir siad Clár Réigiúnach athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin i Nollaig 2025. Sa chlár athbhreithnithe tá dhá thosaíocht straitéiseacha nua ann, Tithíocht Inbhuanaithe

agus Inacmhainne, agus Teicneolaíochtaí Straitéiseacha ar son na hEorpa.

Tuilleadh Faisnéise

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an gClár Réigiúnach, lena n-áirítear tuairiscí mionsonraithe faoi na scéimeanna, gairmeacha ar mhaoiniú, agus na hoibríúcháin roghnaithe, ar fáil ar [shuíomh gréasáin](#) Thionól Réigiúnach an Deiscirt.

Tá Clár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár na Tíre a bheidh ar siúl ó 2021-2027 á chómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus an Aontas Eorpach trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Clár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014 - 2020

Chomh maith leis sin, ba é Tionól Réigiúnach an Deiscirt an t-údarás bainistíochta do [Chlár Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2014-20](#). Cé gur tháinig deireadh le gníomhaíochtaí maoinithe faoin gclár sin in 2023, bhí gníomhaíochtaí foirmiúla clabhsúir an chlár fós ar siúl in 2025, ag obair taobh le comhghleacaithe san údarás deimhnithe agus san údarás iniúchóireachta. Áiríodh san obair sin freagairt ar iniúchtaí náisiúnta agus an AE, ullmhú na gcuntas deiridh agus thuarascáil an rialaithe dheiridh, agus an tuairisc feidhmithe dheiridh a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Cuireadh an obair sin i gcrích i Nollaig 2025.



Ar Grúpa CyberInnovate - Rannpháirtithe i gClár Cyber Innovate 2025 ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, bhain gach duine acu tuiscint dhomhain ar na modheolaíochtaí nuálaíochta cruthaithe, amhail Smaointeoireacht Deartha agus Gnólachtaí Nuathionscanta Barainneacha

Cláir an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (CCE)



Forléargas

Soláthraíonn Comhar Críochach Eorpach, a fhaigheann tacaíocht ó [Chiste Forbraíochta Réigiúnach na hEorpa](#) (CFRE), cómhaoiniú do roinnt clár Interreg a bhfuil comhpháirtithe Éireannacha i dteideal maoiniú a fháil do thionscadail faoin gclárthréimhse 2021-2027. Ina measc seo tá:

- Interreg Iarthuaisceart na hEorpa
- Interreg an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh
- Interreg Limistéar an Atlantaigh

- Interreg na hEorpa
- Gníomhartha Uirbeacha Nuálacha agus URBACT
- ESPON
- Peace Plus trasteorann

In 2025, bhí baint ghníomhach ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt i monatóireacht agus soláthar chlár Comhair Chríochaigh Eorpaigh in Éirinn.

Clár	Ról Tionól Réigiúnach an Deiscirt
Interreg Iarthuaisceart na hEorpa	Ionadaí ballstáit ar Choiste Monatóireachta an Chláir Pointe Teagmhála in Éirinn Iniúchadh Rialaithe Céad Leibhéal Ainmnithe do chomhpháirtithe Éireannacha
Interreg an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh	Iniúchadh Rialaithe Céad Leibhéal Ainmnithe do chomhpháirtithe Éireannacha i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir
Interreg na hEorpa	An Pointe Teagmhála i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir Iniúchadh Rialaithe Céad Leibhéal Ainmnithe do chomhpháirtithe Éireannacha i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir
URBACT	Iniúchadh Rialaithe Céad Leibhéal Ainmnithe do chomhpháirtithe Éireannacha i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir
ESPON	Ionadaí ar Choiste Monatóireachta na gClár

Rialú Céadleibhéil (RCL)

Airítear i Rialú Céad Leibhéal (RCL) seiceálacha agus iniúchtaí ar chaiteachas tionscadail le linn na céime feidhmithe de thionscadal sula gcuirtear éileamh airgeadais isteach chuig údarais an chlár le híocaíocht. Dearbhaíonn foireann RCL an Tionóil éilimh chaiteachais do cheithre chlár Comhair Chríochaigh Eorpaigh: An Eoraip Thiar Thuaidh, Imeall Thuaidh agus an tArtach, Interreg na hEorpa agus URBACT.

Tá sé mar dhualgas ar gach ballstát córas rialaithe a bhunú ina tír féin.

Deimhníonn agus bailíochtaíonn foireann RCL caiteachas tabhaithe ag comhpháirtí/príomhpháirtí tionscadail le cinntiú go gcomhlíontar rialacha ábhartha AE, náisiúnta, réigiúnacha, institiúideacha agus clár chomh maith le forálacha an chonartha fóirdheontais

agus na foirme iarratais cheadaithe. Tugann na rialuithe sin ráthaíocht don Údarás Bainistíochta, don Údarás Deimhniúcháin agus, níos tábhachtaí fós, don tionscadal féin, le go dtugtar cuntas ar chostais a chómhaoinítear faoi Chláir atá maoinithe ag an gComhar Críochach Eorpach agus go bhfuil siad incháilithe do mhaoiniú.

Roimhe seo, chlúdaigh RCL 100% de chaiteachas tionscadal uile a cláraíodh, ach bhunaigh Interreg modheolaíocht samplála riosca-bhunaithe don tréimhse cláraithe 2021 go 2027 a chuirfeadh i bhfeidhm de réir an chritéir a leagann Coimisiún na hEorpa amach.

Ní dhéanfaidh na rialtóirí seiceáil uathoibríoch ar 100% den chaiteachas a chláróidh comhpháirtithe an tionscadail ach seans go gcinnteoidh siad seiceáil a dhéanamh ar 100% má aimsítear earráidí sa sampla roghnaithe.

Tá dhá chineál seiceála bailíochtaithe sa chóras RCL:

1. Seiceálacha riaracháin deasc-bhunaithe ag baint leasa as an modheolaíocht samplála riosca-bhunaithe ar chaiteachas arna dhearbhu in éilimh íocaíochta airgeadais.
2. Seiceálacha ar an toirt a tharlaíonn in oifig chomhpháirtí an tionscadail a dhéanfar ar bhonn samplála (seiceáil a dhéanamh ar shampla den chaiteachas ceadaithe ar fad i gcaitheamh an tionscadail).

Nuashonrú Gníomhaíochta 2025

Le linn 2025, rinne foireann RCL an Tionóil iniúchadh agus bailíochtú ar 201 éileamh tionscadail arbh fhiú €9,426,818.80 iad d'eagraíochtaí Éireannacha a bhí rannpháirteach mar chomhpháirtithe tionscadail agus comhpháirtithe ceannasaíochta ar cheithre chlár an Chomhair Chríochoigh Eorpaigh.

Rinne Rialtóirí an Aonaid RCL freastal ar roinnt imeachtaí le linn na bliana.

Is iad seo a leanas na sonraí:

- Rialtóirí Náisiúnta – Seimineár Gréasáin Tacaíochta eagraithe ar líne ag URBACT agus a reáchtáladh ar an gCéadaoin, an 15 Eanáir 2025.
- D'fhreastail Rialtóirí ón aonad RCL, Eve Hayden, ar Oiliúint Thionscadal Interreg na hEorpa i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair 2025, in Lille, an Fhrainc.
- D'fhreastail Rialtóirí ón aonad RCL, Michael Buckley, ar Bhord Agallaimh Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair d'Agallaimh Rialtóirí Céad Leibhéal Grád V i Lúnasa 2025.
- D'fhreastail rialtóirí ón aonad RCL, Michael Buckley, Edel Hunt agus Elayne McDonnell ar chomhoiliúint do bhaill foirne an Tionóil Réigiúnaigh in Hodson Bay Hotel, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí ar an 2 – 3 Deireadh Fómhair 2025.
- D'fhreastail rialtóirí ón aonad RCL, Michael Buckley, Edel Hunt, Eve Hayden agus Elayne McDonnell, ar Imeacht Bliantúil an Líonra Comhair Chríochoigh Eorpaigh – Maoiniú an AE faoi Lán Seoil a d'eagraigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus a reáchtáladh i dTeach an Tionóil i bPort Láirge ar an Máirt, an 4 Samhain 2025.

- D'eagraigh an foireann ón Aonad RCL agus ghlac siad páirt i roinnt clinicí Rialaithe Céad Leibhéal, seisiún aghaidh ar aghaidh curtha in áirithe roimh ré le Rialú Céad Leibhéal do chomhpháirtithe tionscadail, atá ag iarraidh fiosrúcháin éagsúla a phlé maidir le hincháilitheacht agus na doiciméid atá de dhíth do bhailíochtú éileamh.
- Eagraíodh na himeachtaí éagsúla atá leagtha amach thuas chun faisnéis ar cheanglais an Chláir 2021-2027 (córas RCL, seiceálacha ar an toirt, soláthar, modheolaíocht samplála agus roghanna costais shimplithe) a scaipeadh ar na Rialtóirí a bheidh ag bailíochtú éilimh chaiteachais do cheithre chlár CCE - Iarthuaisceart na hEorpa, an Forimeall Thuaidh agus an tArtach, Interreg na hEorpa agus URBACT le linn na clárthréimhse 2021-2027.
- D'fhreastail rialtóirí ón aonad RCL Michael Buckley, Edel Hunt, Eve Hayden agus Elayne McDonnell ar an imeacht Tionól@10; Seoladh an Phlean Chorpáraidigh agus Lá na hEorpa ag imeacht taispeántais in Ardmore Suite den Tower Hotel ar an 9 Bealtaine 2025.
- Le linn 2025, leanamar orainn leis an acmhainn nua ar líne ar RCL a nuashonrú ar shuíomh gréasáin an Tionóil le faisnéis maidir le hiniúchadh agus treoir clár-shonrach do chomhpháirtithe tionscadail, lena n-áirítear treoracha clár don tréimhse cláir nua 2021-2027.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Rialú Céad Leibhéal:

Ríomhphost FLC@southernassembly.ie

Suíomh Gréasáin:

www.southernassembly.ie/first-level-control.



Baill Foirne RCL Edel Hunt, Eve Hayden, Michael Buckely, agus Elayne McDonnell

A woman with blonde hair, wearing a black dress with a large white bow at the neck, stands at a wooden podium. She is smiling and looking towards the right. Her left hand is on a laptop on the podium, and her right hand is holding a white card. In the background, another woman with blonde hair, wearing a red top, is seated at a desk with a laptop. A small Irish flag is on the desk. Behind them is a banner with the 'Interreg' logo and a map of Ireland. A green exit sign is visible above the woman at the podium. In the foreground, the back of a person's head and shoulders are visible, along with a table with papers, a cup, and a pen.

Líonra an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (CCE)

Forléargas

Is ardán comhoibrithe é Lónra Comhair Chríochaigh Eorpaigh atá á éascú ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt chun tacú le páirtithe leasmhara ar fud Réigiún an Deiscirt le bheith ag plé le cláir mhaoinithe na hEorpa. Sa Lónra tugtar breis agus ceithre chéad chomhalta ó údaráis áitiúla, institiúidí ardoideachais, gníomhaireachtaí stáit, fiontair bheaga agus mheánacha, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta le chéile.

Sa Lónra, tacaítear le malartú eolais, piarfhoghlaim, agus forbairt chomhpháirtíochta, lena gcuirtear le forbairt inbhuanaithe réigiúnach agus lena dtacaítear le seachadadh Phlean Corparáideach 2025–2029, go háirithe cuspóir 3.4 (rannpháirtíocht i gcláir na hEorpa) agus cuspóir 4.4 (comhoibriú, caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara agus rialachas réigiúnach).

Baineann comhaltaí tairbhe as nuashonruithe rialta ar dheiseanna maoinithe an Aontais Eorpaigh, líonrú spriocdhírthe agus gníomhaíochtaí chun acmhainn an phobail a fhorbairt a dearadh chun tacú le forbairt tionscadail rathúil. Bíonn ról tábhachtach ag an Lónra chomh maith chun páirtithe leasmhara réigiúnacha a nascadh le pointí teagmhála náisiúnta agus le saineolaithe chláir na hEorpa.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025

I Márta 2025, d'óstáil an Lónra Comhair Chríochaigh Eorpaigh seimineár gréasáin chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh, ag díriú ar an téama “Luasghéaraigh Gníomh”. Sa seisiún pléadh ról na mban i dtionscadail chomhoibrithe na hEorpa, lena leagtar béim ar na dúshláin, ar na deiseanna agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil

trí chláir mhaoinithe na hEorpa. Sna cainteanna chuir na cainteoirí léargas ar fáil ar an taighde, ar na heispéiris cheannaireachta agus ar chonairí maoinithe praiticiúla lena dtacaítear le comhionannas inscne i dtionscadail Eorpacha.

I Samhain 2025, d'óstáil an Tionól imeacht bhliantúil an Lónra Comhair Chríochaigh Eorpaigh, “Maoiniú an Aontais Eorpaigh faoi Lán Seoil”, i bPort Láirge. Ag an imeacht, tugadh le chéile os cionn seasca rannpháirtí ón réigiún iomlán, lena n-áirítear údaráis áitiúla, institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí pobail, agus ionadaithe fiontair.

Sa chlár bhí cuir i láthair maidir le deiseanna maoinithe a bhí ag teacht chun cinn, treoir phraiticiúil maidir le rochtain a dhéanamh ar mhaoiniú na hEorpa, agus nuashonruithe maidir le forbairtí beartais amach anseo. Spreagadh rannpháirtíocht agus comhroinnt faisnéise i measc na rannpháirtithe i seisiún idirghníomhach.

Bhí taispeántas tionscadail tiomanta ann lena leagadh béim ar thionchar na dtionscadal chomhoibrithe Eorpach ar fud Réigiún an Deiscirt, lena léirítear a n-ionchur do nuálaíocht, d'inbhuanaitheacht, agus d'fhorbairt an phobail. Chomh maith leis sin, bhí clinicí aghaidh ar aghaidh Rialaithe Céad Leibhéal ag an imeacht, lena gcuireadh tacaíocht shaincheaptha ar fáil do chomhpháirtithe tionscadail maidir le bainistíocht airgeadais agus ceanglais chomhlíontachta.

An Tionchar agus na Chéad Chéimeanna Eile

Tá ról tábhachtach ag an Lónra Comhair Chríochaigh Eorpaigh go fóill i dtaca le feasacht, rannpháirtíocht, agus cumas a mhéadú maidir le maoiniú na hEorpa ar fud Réigiún an Deiscirt.



Imeacht bliantúil Lónra CCE, “Maoiniú an Aontais Eorpaigh faoi Lán Seoil,” Port Láirge, Samhain 2025

Tacaíonn sé le heagraíochtaí ag gach céim d'fhorbairt tionscadail, ón bhfeasacht tosaigh go seachadadh tionscadail agus bainistíocht airgeadais.

Beidh obair amach anseo dírithe ar rannpháirtíocht an líonra a leathnú, tacaíocht d'fhorbairt tionscadail a neartú, agus leanúint le deiseanna spriocdhírthe chun acmhainn an phobail a fhorbairt a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, leanfaidh an Tionól le páirtithe leasmhara a nascadh le comhpháirtithe Eorpacha agus deiseanna maoinithe, lena dtacaítear le seachadadh tionscadal inbhuanaithe agus nuálach ar fud an réigiúin.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Líonra CCE:

Áine Whelan, Oifigeach Thionscadail an AE:

awhelan@southernassembly.ie

Suíomh Gréasáin: [Líonra CCE | Tionól Réigiúnach an Deiscirt](#)

Interreg



Co-funded by
the European Union

North-West Europe

Interreg VB: Comhar Trasnáisiúnta

Cothaíonn Interreg Iarthuaisceart na hEorpa comhar trasnáisiúnta chun Iarthuaisceart na hEorpa a dhéanamh ina phríomhghníomhaí eacnamaíoch agus ina áit tharraingteach le hoibriú ann agus le maireachtáil ann, le leibhéil arda nuálaíochta, inbhuanaitheachta agus comhtháthaithe. Tacaíonn Interreg Iarthuaisceart na hEorpa le comhar thar theorainneacha i seacht dtír (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír, agus an Eilvéis). Caithfidh comhpháirtithe ó ar a laghad trí thír éagsúla a bheith páirteach i dtionscadail agus cur chuige comhpháirteach a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le saincheistanna coitianta. Is é an aidhm atá leis na héagothromaíochtaí i measc na réigiún a laghdú agus an leibhéal foriomlán feidhmíochta a ardú ar fud an limistéir ar fad.

Fócas téamach 2021-2027

I [gcáipéis chlár](#) Interreg Iarthuaisceart na hEorpa leagtar amach na cúig thosaíocht do chlár 2021-2027 chun díriú orthu: Aeráid agus Comhshaol, Aistriú Fuinnimh, Geilleagar Ciorclach, Nuálaíocht agus Athléimneacht, agus Sochaí Uilechuimsitheach.

Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus clár Interreg Iarthuaisceart na hEorpa

Tá an Tionól ina óstach ar an bPointe Teagmhála Náisiúnta do Interreg Iarthuaisceart na hEorpa in Éirinn agus tá suíochán aige ar an gCoiste Monatóireachta in éineacht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe agus Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre. Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt freagrach as rialú airgeadais an chláir seo, lena ndéantar anailís agus údarú ar fochaíochtaí éilimh go heagraíochtaí comhpháirteacha Éireannacha.

Tionscadail Interreg Iarthuaisceart na hEorpa i Réigiún an Deiscirt

Faoi láthair tá os cionn 40 eagraíocht chomhpháirteacha ó Réigiún an Deiscirt ag obair ar réimse leathan tionscadal atá á maoiniú ag Interreg Iarthuaisceart na hEorpa. Is iad seo a leanas roinnt samplaí: [Tionscadal AquaCom](#) – á stiúradh ag Ballyhoura Development i Luimneach agus Tuaisceart Chorcaí, áit a bhfuil córais téamh uiscethéarmacha bunaithe ar an bpobal á bhforbairt ag an gcuibhreannas. Bronnadh [Better-Calf](#) in 2024, á stiúradh ag Teagasc, agus is tionscadal idirnáisiúnta é sin lena ndéantar córais feirmeoireachta déiríochta eallaigh inbhuanaithe, agus lena n-oibrítear ar fud Éireann trí líonra náisiúnta feirmeacha agus feirmeacha píolótacha. Is tionscadal é [ClimASed](#), á stiúradh ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, lena bhforbraítear straitéisí bainistíochta dríodair atá oiriúnaitheach don aeráid, a dhíríonn ar dhobharcheantar na Sionainne.



Comhpháirtithe Éireannacha ag freastal ar imeacht Interreg Iarthuaisceart na hEorpa i Lucsamburg, Nollaig 2025

Maoiniú á bhronnadh agus feidhmíocht na hÉireann

Bhronn Interreg Iarthuaisceart na hEorpa níos mó ná €100 milliún ar fud na 7 dtír ó 2021. Faoi nGairm Dheireanach sin – bronnadh €30,544,099 i gcisté an AE ó chlár Interreg Iarthuaisceart na hEorpa ar chomhpháirtithe na hÉireann. Ní mór do gach comhpháirtí cómhaoiniú 40% a thabhairt leo chun cisté an AE a mheaitseáil, mar sin bhí infheistíocht iomlán €51,125,785 do thionscadail a bhaineann le Forbairt Réigiúnach in Éirinn.

As an €30.5 milliún a bronnadh i maoiniú AE, bronnadh €12.4 milliún ar chomhpháirtithe i Réigiún an Deiscirt. Infheistíodh an maoiniú i dtionscadail ar fud raon leathan ábhar ó fhuinneamh in-athnuaite, rochtain ar an margadh saothair, digitiú na bithéagsúlachta

go teicneolaíocht le haghaidh forbairt déantúsaíochta sna réigiúin.


Cuireadh an Ghairm oscailte dheiridh ó chlárthréimhse 2021-2027 i gcrích nuair a d'fhaomh an Coiste Monatóireachta fiche haon tionscadal ó Ghairm 5 céim 2 ag cruinniú an choiste in Basel, an Eilvéis ar an 18 Samhain 2025.

In 2025, dáileadh os cionn €3,313,894 de mhaoiniú an AE faoi Ghairm 5 ar Réigiún an Deiscirt mar gheall ar rath na n-eagraíochtaí Éireannacha sna tionscadail – cibé acu mar chomhpháirtithe tionscadail nó mar Chomhpháirtithe Ceannasaíochta. Ceadaíodh fiche haon tionscadal agus astu sin bhí comhpháirtithe Éireannacha ag ocht gcinn déag acu (86%).

Réigiún (Gairmeacha 1-5)	Infheistíocht iomlán sna réigiúin	Infheistíocht an AE	%
An Deisceart	€20,704,043	€12,422,426	41%
An tOirthear agus an Lár na Tíre	€18,101,200	€10,829,257	35%
An Tuaisceart agus an tIarthar	€12,320,542	€7,292,416	24%
Iomlán	€51,125,785	€30,544,099	100%

Infheistíocht Interreg Iarthuaisceart na hEorpa de réir réigiúin

Types of Irish partner awarded funding Calls 1-5



An cineál comhpháirtí Éireannaigh ar a mbronnadh maoiniú Interreg Iarthuaisceart na hEorpa

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Interreg Iarthuaisceart na hEorpa in Éirinn:

Sarah Davoren, Pointe Teagmhála Náisiúnta:

sdavoren@southernassembly.ie

Rialú Airgeadais: flc@southernassembly.ie

Suíomh Gréasáin: www.nweurope.eu



Interreg Limistéar an Atlantaigh

Tá sé mar aidhm ag clár Interreg Limistéar an Atlantaigh Limistéar Atlantaigh níos rathúla, níos inbhuanaithe agus níos nasctha a fhorbairt. Agus é ina limistéar muirí, tá Straitéis an Atlantaigh a foilsíodh in Iúil 2020 ([Plean Gníomhaíochta um an Atlantach 2.0](#)) tugtha faoi deara i ndearadh an Chláir. Tacaíonn clár Interreg Limistéar an Atlantaigh 2021-2027 le comhoibriú trasnáisiúnta i réigiúin an Atlantaigh i gceithre thír: An Phortaingéil, an Spáinn, an Fhrainc agus Éire.



Is ionann buiséad an chláir do 2021-2027 agus €113 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Is ionann an ráta cómhaoinithe do thionscadail atá ceadaithe agus suas le 75% den infheistíocht iomlán.

Tá ceithre Ais Tosaíochta i gclár Limistéar an Atlantaigh agus na cuspóirí a bhaineann leis – ní mór do thionscadail teacht faoi na catagóirí seo má tá siad incháilithe le háireamh:

- **Tosaíocht 1:** Nuálaíocht agus iomaíochtas gorm
- **Tosaíocht 2:** Timpeallacht ghorm/ghlas
- **Tosaíocht 3:** Turasóireacht agus cultúr gorm inbhuanaithe agus sóisialta
- **Tosaíocht 4:** Rialachas níos fearr le haghaidh comhair sa Limistéar Atlantach

In 2025, ceadaíodh fiche cúig thionscadal Interreg Réigiún an Atlantaigh ar an iomlán, ag a raibh méid iomlán maoinithe €59 milliún faoi Chlár 2021-2027.

In 2025, bhí dhá Chruinniú den Choiste Monatóireachta Cláir ann.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chlár Interreg Réigiún an Atlantaigh:

Pointe Teagmhála Náisiúnta: todoherly@nwra.ie

Rialú Airgeadais: flc@nwra.ie

Suíomh Gréasáin: www.atlanticarea.eu

Northern Periphery and Arctic

Interreg an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh

Cuireann Interreg an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh creat ar fáil do réigiúin chun oibriú le chéile le béim ar fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i bpobail iargúlta ina bhfuil tearc-dhaonra.

Clúdaíonn limistéar an Chláir Tuaisceart na Fionlainne, Iarthar na hÉireann, Tuaisceart na Sualainne, na hOileáin Fharó, an Ghraonlainn, an Íoslainn, agus codanna Thuaisceart na hIorua.



Spreagann an Clár comhar éifeachtach, chun forbairt bunaithe ar áit a uasmhéadú, tógann sé ar na láidreachtaí laistigh de phobail tearc-dhaonra, agus chun teacht ar réitigh nuálacha chun tacú le naisc isteach i margaí níos mó agus i limistéir níos mó daonra. Is iad na contaetha incháilithe in Éirinn ná Dún na nGall, Liatroim, an Cabhán, Muineachán, Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh, an Clár, Luimneach, Tiobraid Árann, Ciarraí, agus Corcaigh.

Is é príomhbhéim thionscadail Interreg an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh ná an fhoghlaim trasnáisiúnta idir chomhpháirtithe tionscadail. Cuirfear rátaí maoinithe deontais suas le 65% ar fáil. Tugann Interreg an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh aghaidh ar na dúshlán agus ar na deiseanna i réimse an chláir trí mheán 3 Thosaíocht:

- **Tosaíocht 1:** An acmhainn nuálaíochta a neartú do phobail an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh atá athléimneach agus tarraingteach
- **Tosaíocht 2:** Neartú na hacmhainne le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide, agus dóthain acmhainní i bpobail an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh
- **Tosaíocht 3:** Cumas eagraíochtúil i measc phobail an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh a neartú chun leas a bhaint as deiseanna comhoibrithe

Suíonn Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar Ghrúpa Comhairleach Réigiúnach an Chláir agus is é an Rialú Céad Leibhéal ainmnithe do gach éileamh íocaíochta ó chomhpháirtithe atá lonnaithe sa réigiún.

In 2025, ceadaíodh cúig thionscadal clachain ar an iomlán, agus bhí iomlán an mhaoinithe díreach níos lú ná €600,000 i gClár 2021 - 2027.

In 2025, bhí dhá chruinniú den Choiste Monatóireachta Cláir ann.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Interreg an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh:

Pointe Teagmhála Náisiúnta: todoherty@nwra.ie

Rialú Airgeadais:

flc@southernassembly.ie / flc@nwra.ie

Suíomh Gréasáin: www.interreg-npa.eu



Co-funded by
the European Union

Interreg na hEorpa

Is clár comhair idir-réigiúnach é Interreg Europe, arna chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach.

Féachann an tAontas Eorpach le héagsúlachtaí a laghdú i leibhéil na forbartha, an fháis, agus na cáilíochta beatha i réigiúin na hEorpa agus trasna orthu. Cuireann an clár seo leis an gcuspóir seo trí chuidiú le rialtais réigiúnacha

agus áitiúla ar fud na hEorpa beartas níos fearr a fhorbairt agus a sheachadadh agus beidh sé ar siúl ó 2021 go 2027. Tá sé tiomanta do chumas, ag forbairt trí mhalartú taithí agus dea-chleachtas i ngach tosaíocht de chuid beartais comhtháthaithe an AE trí:

- Tionscadail comhair idir-réigiúnaigh
- Seirbhísí Ardán Foghlama Beartais

Cuireann na tionscadail agus an tArdán le gach tosaíocht de chuid beartais comhtháthaithe an AE:



Seoladh Glao 1 sa bhliain 2022, nuair a fuarthas 134 iarratas agus ceadaíodh 72 iarratas, lena n-áirítear 36 eagraíocht Éireannach a raibh baint acu le 27 tionscadal. Seoladh Glao 2 i Márta na bliana 2023 agus d'fhaomh an Coiste Monatóireachta 78 iarratas arís le rannpháirtíocht an-mhaith as Éirinn, le 34 eagraíocht ag glacadh páirt i 25 tionscadal.

Seoladh an tríú agus an Glao oscailte deiridh in 2024 agus d'fhaomh an Coiste Monatóireachta 112 tionscadal ag cruinniú a bhí acu i mí na Nollag, agus bhí baint ag 17 Eagraíocht Éireannacha le 21 tionscadal.

Osclaíodh an chéad ghairm ar oibriúcháin píolótacha ar an 14 Márta 2025 agus dúnadh í ar an 15 Aibreán 2025. Bhí sé dírithe ar na 72 tionscadal ón gcéad ghairm a ceadaíodh ag an gcoiste monatóireachta i Nollaig 2022. As na 45 iarratas ar ghníomhartha píolótacha a cuireadh isteach, moladh 42 acu le ceadú faoi choinníollacha ar bhuiséad €3.1m ar an iomlán de mhaoiniú Interreg. Tá gníomh píolótach amháin ar siúl in Éirinn faoi Thionscadal CITICISS (Seirbhísí Sóisialta bunaithe ar Shaoránaigh) ag Ballyhoura Development.

Pointe Teagmhála Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt agus Réigiún an Oirthir:

David Kelly: dkelly@southernassembly.ie

Rialú Airgeadais:

flc@southernassembly.ie / info@nwra.ie

Suíomh gréasáin: www.interregeurope.eu

URBACT

Is clár Eorpach é URBACT lena gcuirtear malartú foghlama agus dea-chleachtas chun cinn idir bhailte agus cathracha na hEorpa agus béim ar fhorbairt uirbeach inbhuanaithe. Déantar iarracht, sa chlár, chun cumas fhoireann an údaráis áitiúil a fheabhsú chun beartais, cleachtais agus nuálaíochtaí a dhearadh agus a chur chun feidhme i mbealaí atá comhtháite, bunaithe ar áit agus thar a bheith rannpháirtíoch. Tá [Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre](#) ag gníomhú mar Phointe Náisiúnta URBACT ar son na hÉireann.

Le linn 2025, bhí ceithre chomhpháirtí dhéag i dtionscadal na hÉireann gníomhach i ndeich líonra trasnásiúnta, lena n-áirítear seacht Líonra

Pleanála Gníomhartha, dhá Líonra Aistrithe Nuálaíochta, agus ceithre Líonra Aistrithe nua agus cuireadh tús leis an gceann deiridh i Samhain.

Cuireadh na seacht Líonra Pleanála Gníomhartha a thuras tionscadail 30 mí i gcrích i Nollaig 2025 nuair a tugadh a Phlean Gníomhartha Comhtháite faoi seach chun críche. Comhdhearadh na pleananna go háitiúil i ndiaidh piarmheasúnaithe leanúnaigh le linn cuairteanna chuig cathracha agus bailte comhpháirtithe na hEorpa. Cuirfidh na comhpháirtithe a ghníomhartha áitiúla os comhair an phobail le linn Fhéile Cathrach na hEorpa in Nicosia in 2026.

Bhí dhá Líonra Aistrithe Nuálaíochta, bhí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ceantar Gnó Áth an Ghainimh páirteach iontu, fós ar thuras trasnásiúnta i dtreo a Phlean Infheistíochta agus Leanúnachais faoi seach le linn 2025.



Sharon Lynch agus Carmel Lynch (ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh) agus gradam Dea-Chleachtais URBACT á fháil acu ag Féile Cathrach URBACT in Wrocław na Polainne in Aibreán 2025

I Samhain agus i ndiaidh ghairm 2024 ar fud na hEorpa ar Dhea-Chleachtais, chuir fiche cúig Líonra Aistrithe nua tús lena thuras, agus bhí comhpháirtithe Éireannacha ag ceithre cinn acu. Bhí Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Mhuineacháin agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar chuid de na hiarratais rathúla.

Bhí teacht le chéile idir chomhpháirtithe gníomhacha Éireannacha Líonra URBACT i Sligeach i Márta 2025. Ar an lá sin bhí nuashonruithe tionscadail ó gach comhpháirtí, agus ina dhiaidh sin seisiún píarthacaíochta le haiseolas ar ais chuig an bPointe Náisiúnta URBACT maidir le dúshláin agus aimsiú réiteach laistigh den ghrúpa. Bhí lón líonraithe ann agus cuairteanna chuig láithreáin ar fud Shligigh ina dhiaidh.

In Aibreán 2025, d'fhreastail Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar Phointe Náisiúnta URBACT in Wrocław na Polainne chun a nDea-Chleachtais a bronnadh orthu in 2024 a thaispeáint. Mar aon le háit mhargaidh na nDea-Chleachtais, ghlac na trí thír páirt i gceardlanna téamacha agus cuairteanna ar láithreáin.

Reáchtáladh an dara comhsheisiún faisnéise bliantúil URBACT agus Tionscnamh Uirbeach na hEorpa i dTeach an Chustaim i mBealtaine 2025. Bhí an lá dírithe ar ghairm oscailte URBACT do Líonraí Aistrithe, mar aon le tairiscint acmhainn an phobail a fhorbairt de Thionscnamh Uirbeach na hEorpa.

Le linn 2025, bhí roinnt cuairteanna trasnáisiúnta líonraí URBACT ar siúl in Éirinn. Áirítear leo siúd cuairteanna go Cathair Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Áth an Ghainimh. Chomh maith leis sin, thaistil an Pointe Náisiúnta URBACT thar lear le Comhairle Contae na Mí do chuairt thrasnáisiúnta go Dąbrowa Górnicza na Polainne i mBealtaine 2025.

D'fhreastail an Pointe Náisiúnta URBACT ar imeacht Líonra Comhair Chríochaigh Eorpaigh Thionól Réigiúnach an Deiscirt i bPort Láirge (Samhain), áit ar thug Sharon Lynch, ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, teistiméireacht URBACT maidir lena rannpháirtíocht i dtionscadal [BiodiverCity](#).

Chomh maith leis sin, d'fhreastail Pointe Náisiúnta URBACT ar dhá chruinniú Comhordaithe, ceann amháin i láthair go pearsanta i bPáras i Meitheamh 2025 agus ceann eile ar líne i Samhain 2025. Chomh maith leis sin, reáchtáladh dhá chruinniú den Choiste Monatóireachta Cláir in 2025. Malbork i Meitheamh agus Copenhagen i nDeireadh Fómhair.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi URBACT in Éirinn:

Karl Murphy, Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre: urbactireland@emra.ie / kmurphy@emra.ie
Suíomh gréasáin: www.urbact.eu/ireland

Tionscadail AE





ROBIN

Is tionscadal 36 mhí Fís Eorpach é ROBIN a dearadh chun tacú le réigiúin ar fud na hEorpa lena samhlacha agus struchtúir rialachais bithgheilleagair a fhorbairt agus a oiriúnú. Is é an aidhm fhoriomlán atá ann ná dul chun cinn a luasghéarú chun spriocanna bithgheilleagair chiorclaigh a bhaint amach. Trí ROBIN, bíonn réigiúin rannpháirteacha ón nGréig, ón Spáinn, ón nGearmáin agus ón tSlóvaic i mbun comhoibrithe agus malartaithe eolais, lena gcumasaítear forbairt cur chuige rialachais a saincheapadh do riachtanais ar leith gach réigiúin.

In Éirinn, rinne Tionól Réigiúnach an Deiscirt mar aon le Grúpa Taighde Bithgheilleagair Chiorclaigh (CircBio) Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan ionadaíocht le haghaidh Réigiún an Deiscirt laistigh den tionscadal. Bhí ROBIN mar chuid de Thionscnamh na gCathracha agus na Réigiún Ciorclach (CCRI) tionscnamh a bhunaigh an Coimisiún Eorpach chun aistriú glas na hEorpa a chur chun tosaigh trí chiorclaíocht a chur chun cinn ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha araon.

Tá tionchar díreach ag torthaí Thionscadal ROBIN ar an ról a sannadh ar na Tionóil Réigiúnacha i [bPlean Gníomhaithe Náisiúnta Bithgheilleagair 2023-2025](#), go háirithe faoi Cholún 5 – Pobail, Cathracha agus Réigiúin – Gníomh 5.1 chun “Rialachas bithgheilleagair a chur chun cinn i gcathracha, tionóil réigiúnacha agus údaráis

áitiúla” trí fhorbairt beartais gheilleagair a chomhtháthú sa [Chreat Náisiúnta Pleanála](#).

Le linn 2025, thug Tionól Réigiúnach an Deiscirt faoi iarrachtaí comhoibrithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil chun Straitéis Bithgheilleagair do Réigiún an Deiscirt atá cuimsitheach a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi, arna cur le chéile ag an Tionól agus ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, ina bhfuil léargas agus moltaí beartais don bheartas bithgheilleagair.

Tugadh cuireadh don Tionól, mar gheall ar ár rannpháirtíocht i dTionscadal ROBIN, chun páirt a ghlacadh i gceardlanna le [ClimateKIC](#), atá i mbun bealaí a phlé, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chun forbairt sineirgí idir údaráis áitiúla atá ag céim níos faide ar aghaidh de ghníomhaíocht bithgheilleagair ina chontae féin.

Bhí caidreamh gníomhach ag an Tionól le dhá Thionól Réigiúnacha eile mar aon le húdaráis áitiúla ó lasmuigh de Réigiún an Deiscirt atá i mbun tionscadail a bhaineann leis an mbithgheilleagar trí phróiseas ‘Gairm Oscailte’ i measc na réigiún páirteach in ROBIN chun rannpháirtíocht na ngrúpaí páirtithe leasmhara sa Tionscadal a leathnú.

D’óstáil an Tionól, i gcomhar le Teagasc agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, seimineár gréasáin i mBealtaine 2025 agus tháinig ionadaithe ó údaráis áitiúla, tionóil réigiúnacha agus ranna rialtais le chéile chun cur chun cinn na forbartha bithgheilleagair réigiúnaigh in Éirinn a phlé. Ag an imeacht, cuireadh léargas ón dá thionscadal le chéile, plé painéil le lucht déanta



Comhpháirtithe Thionscadal ROBIN ag cruinniú deireanach an Tionscadail, an Bhruiséil, Bealtaine 2025

beartas, agus deiseanna líonraithe dírithe ar chomhoibriú trasearnála a chothú.

Ghlac an Tionól páirt in imeacht líonraithe deiridh Thionscadal ROBIN sa Bhruiséil i mBealtaine 2025, mar chuid de Chomhdháil um Bithghilleagar Ciorclach Tuaithe na hEorpa, arna heagrú ag an tionscadal i gcomhar le cúig thionscadal Fís Eorpach eile.

Bhí “Ceardlann Oiliúna don Oiliúnóir” san áireamh sa chruinniú deireanach agus bhí sé dírithe ar [Bhosca Uirlisí ROBIN, beartais agus straitéisí](#). Ag an gcruinniú, shínigh comhpháirtithe ROBIN meabhrán tuisceana comhoibrithe chun deiseanna comhoibrithe amach anseo a phlé. Cuireadh an tionscadal 3 bliana i gcrích ag an imeacht sin, agus tháinig deireadh oifigiúil leis i Meán Fómhair 2025.



TALENT4S3

TALENT4S3

In 2025, chuir Tionól Réigiúnach an Deiscirt Tionscadal Interreg na hEorpa TALENT4S3 chun cinn, lena dtugtar aghaidh ar imirce daoine oilte, ganntanais scileanna agus dídhaonrú réigiúnach trí choinneáil agus mealladh tallainne a neartú trí mheán Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste (S3). Tacaíonn an tionscadal le héiceachórais réigiúnacha a chruthú inar féidir le daoine oilte fanacht, filleadh nó athlonnú, atá ag teacht le spriocanna Réigiún an Deiscirt maidir le hiomaíochas agus nuálaíocht.

D’óstáil an Tionól cruinnithe páirtithe leasmhara i bPort Láirge, Corcaigh agus Luimneach, agus rinneadh imscrúdú ar chúinsí amhail mealladh réigiúnach, bearnaí scileanna agus an ghéarchéim tithíochta, lena gcuirtear le beachtú fadtéarmach beartais. Bhí ról lárnach ag an bhfoghlaim idirnáisiúnta: cuairteanna staidéir go dtí an Rómáin, an Liotuáin agus an Fhionlainn, agus cuireadh dea-chleachtais ar fáil maidir le rannpháirtíocht diaspóra, forbairt scileanna agus bacainní amhail an tithíocht.

Sna príomhthorthaí bhí creat straitéiseach réigiúnach a fhorbairt do scileanna agus aistriú eolais agus obair ar Eolas Diaspóra agus Creat um Aistriú Scileanna. Chomh maith leis sin, chuir an Tionól an tionscadal chun cinn go hidirnáisiúnta, lena gcuirtear an réigiún chun cinn mar áit ag a bhfuil todhchaí níos athléimní, níos oilte agus níos iomaíche.



FutureECOS

FutureECOS

Forléargas

Díríonn Tionscadal Interreg na hEorpa FutureECOS (Féachaint chuige go seasfaidh spásanna cónaitheacha i réigiúin conaire fáis an aimsir) ar thacaíocht a thabhairt d’fhorbairt uirbeach chomhtháthaithe i réigiúin ina bhfuil fás eacnamaíoch agus daonra. Tacaíonn an tionscadal le seachadadh Phlean Corparáideach 2025–2029, go háirithe faoi Chuspóir 3.2 (forbairt réigiúnach inbhuanaithe agus caighdeán na beatha) agus Cuspóir 4.5 (forbairt réigiúnach agus déantús beartas).

Cuirtear forbairt timpeallachtaí cónaitheacha a sheasfaidh an aimsir trí FutureECOS faoi na trí phríomhthéama seo: An Mhaireachtáil Chliste, an Mhaireachtáil Inbhuanaithe, agus an Mhaireachtáil Ionchuimsitheach. Tacaíonn sé le forbairt beartais réigiúnaigh trí dhálaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a chomhtháthú i bpróisis phleanála. I dTionól an Deiscirt, tá an tionscadal nasctha le cur chun feidhme na [Straitéise Spáis agus Eacnamaíche Réigiúnaí](#), maidir le conairí eacnamaíocha a neartú agus nascacht a fheabhsú ach go háirithe.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025

I Márta 2025, d’óstáil Tionól Réigiúnach an Deiscirt Cruinniú na bPáirtithe Leasmhara Réigiúnacha i Loch Garman, lena ndírítear ar fhorbairt conaire eacnamaíche sa Thoir Theas. Sa seisiún pléadh leathnú féideartha Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath–Bhéal Feirste chun Réigiún an Deiscirt a chur san áireamh, lena neartaítear naisc go príomhshuíomhanna straitéiseacha amhail Eoraphort Ros Láir agus Calafort Phort Láirge. Tugadh le chéile lucht déanta beartas, beartaitheoirí réigiúnacha agus saineolaithe ag an gcruinniú chun léargas maidir le rialachas, forbairt eacnamaíoch agus fás inbhuanaithe a chomhroinnt. Leagadh béim san ionchur ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú, deiseanna d’fhuinneamh inbhuanaithe agus córais iompair chomhtháite chun tacú le forbairt réigiúnach.

I mBealtaine 2025, d’óstáil an Tionól cruinniú idir-réigiúnach i gCorcaigh, agus cuireadh fáilte roimh chomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara thionscadal na hEorpa. Bhí an t-imeacht dírithe ar an Maireachtáil Chliste, ar an

Maireachtáil Inbhuanaithe agus ar an Maireachtáil Ionchuimsitheach, agus bhí seisiún théamacha ann maidir le nuálaíocht dhigiteach, atógáil agus rannpháirtíocht saoránach. Phléigh rannpháirtithe na dea-chleachtais ón réigiún, lena n-áirítear tionscnaimh athnuachana sa Chóbh agus i gCloich na Coillte, agus phléigh siad cuir chuige chun rannpháirtíocht an phobail a neadú i bpróisis phleanála.

I Samhain 2025, ghlac an Tionól páirt i gcúairt staidéir idir-réigiúnach go Timișoara agus Reșița sa Rómáin. Cuireadh léargas luachmhar ar fáil le linn na cuairte maidir le córais iompair chomhtháite, tionscnaimh geilleagair chiorclaigh, agus forbairt faoi stiúir an phobail. Chomh maith leis sin, phléigh na rannpháirtithe an chaoi a bhfuil na cláir réigiúnacha ag tacú le hathnuachan uirbeach agus soghluaisteacht inbhuanaithe, lena léirítear an chaoi is féidir beartas na hEorpa a aistriú go gníomhartha áitiúla praiticiúla.



Cúairt Staidéir Idir-Réigiúnach go Timișoara agus Reșița, an Rómáin, Samhain 2025

An Tionchar agus na Chéad Chéimeanna Eile

Trí mheán FutureECOS, tá cur chuige Thionól Réigiúnach an Deiscirt á neartú maidir le pleanáil réigiúnach chomhtháite, go háirithe i dtaca le conairí eacnamaíocha agus réimsí fáis. Tá forbairt áiteanna cónaithe atá níos nasctha, níos athléimní agus níos tarraingtí le maireachtáil agus le hobair iontu á dtacú ag an tionscadal.

Beidh obair amach anseo ag díriú ar ghníomhartha beartais a bheachtú laistigh den Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach, lena neartaítear forbairt Chonair Eacnamaíoch an Oirthir, agus lena leantar le prionsabail na Maireachtála Cliste, na Maireachtála Inbhuanaithe agus na Maireachtála Ionchuimsithe a chomhtháthú i bpleanáil réigiúnach. Leanfar le comhoibriú idir-réigiúnach leanúnach mar bhonn faoi fhorbairt bheartas agus chun tacú le seachadadh le fás cothrom agus inbhuanaithe ar fud an réigiúin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi FutureECOS:

Rhiannon Carey Bates, Oifigeach Thionscadail an AE rcareybates@southernassembly.ie
Suíomh gréasáin:
www.southernassembly.ie/eu-project/futureecos

Interreg
Europe



Co-funded by
the European Union

S3ADAPT

S3ADAPT

Comhtháthaíonn S3ADAPT Speisialtóireacht Chliste le hoiriúnú aeráide, lena dtacaítear le tosaíochtaí an Phlean Corparáidigh de ghníomhú ar son na haeráide, athléimneacht agus ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise.

Ina Ghníomh Mapála maidir le Beartas Oiriúnaithe Aeráide, cuirtear le hullmhacht réigiúnach, lena n-ailínítear le freagracht Thionól Réigiúnach an Deiscirt chun freagairt éifeachtúil ar dhúshláin aeráide agus chomhshaoil.

In 2025, chuir an Tionól a ról chun cinn i dTionscadal Interreg S3ADAPT na hEorpa, a comhtháthaíonn Straitéisí Speisialtóireachta Cliste le beartas oiriúnaithe aeráide chun athléimneacht agus nuálaíocht réigiúnach a neartú. Freagraítear ar rioscaí méadaitheacha aeráide na hEorpa leis an tionscadal agus tacaítear le hiomaíochas fadtéarmach Réigiún an Deiscirt.



D'fhreastail Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar an gcéad chúairt staidéir Interreg do thionscadal S3Adapt i Vársá

Éacht mór amháin ab ea Beart Mapála an Bheartais Oiriúnaithe Aeráide, lena ndéantar anailís ar ghuaiseacha aeráide réigiúnacha, athbhreithniú ar na straitéisí atá ann cheana féin, agus sainiú bearnaí sna hidirghabhálacha reatha, lena gcuirtear le bonn fianaise atá níos láidre do bhearta oiriúnaithe amach anseo. Chomh maith leis sin, thug an Tionól

faoi mhalartuithe eolais idir-réigiúnacha le comhpháirtithe ar fud sé réigiún an AE agus comhpháirtithe aimsithe san Úcráin agus sa Bhoisnia agus san Heirseagaivéin, lena gcomhroinntear saineolas maidir le tástálacha struis athléimneachta, dea-chleachtais, agus beachtú beartais.

Ar bhonn réigiúnach, neartaigh an Tionól comhoibriú ar fud rialtais, institiúidí taighde, agus sochaí sibhialta, lena gcinntítear go mbíonn na réitigh ag teacht leis na riachtanais áitiúla. Chomh maith leis sin, rinneadh iniúchadh ar láidreachtaí nuálaíochta agus dálaí forbairt a bhaineann le haeráid atá ag teacht chun cinn ionas go mbeidh an réigiún ullmhaithe i mbealach níos fearr do tharluithe adhaimsire.

Trí staidéir beartas chomparáideacha agus comhoibriú leanúnach, leanann an Tionól le hionstraimí réigiúnacha a bheachtú agus le hathléimneacht aeráide a neartú laistigh de speisialtóireacht chliste, lena dtacaítear le fás inbhuanaithe ar fud Réigiún an Deiscirt.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi S3ADAPT:

Oonagh Messette, Oifigeach Gníomhach
Thionscadail an AE

omessette@southernassembly.ie

Suíomh gréasáin:

www.southernassembly.ie/eu-project/s3adapt



SMOOTY

SMOOTY

Tacaíonn SMOOTY le soghluaisteacht, inrochtaineacht agus réitigh iompair inbhuanaithe idir-réigiúnacha níos fearr i réigiún tuaithe agus ísealdlúis, i gcomhréir le tiomantas Phlean Corparáideach Thionól Réigiúnach an Deiscirt chun forbairt críche chothrom, nascacht níos fearr agus soghluaisteacht inbhuanaithe a chur ar fáil.

Cuireann SMOOTY go díreach le béim an Phlean ar inbhuanaitheacht, ar ionchuimsitheacht shóisialta, agus ar chomhtháthú réigiúnach trí aghaidh a thabhairt ar imeallú tuaithe agus soghluaisteacht neodracht a chur chun cinn.

In 2025, chuir an Tionól a ról i dTionscadal Interreg na hEorpa SMOOTY chun tosaigh, lena dtacaítear le soghluaisteacht inbhuanaithe i



D'fhreastail Tionól Réigiúnach an Deiscirt ar an gcéad chuairt staidéir Interreg do thionscadal Smooty in Livorno

gceantair tuaithe ísealdlúis ag a bhfuil dídhaochrú, roghanna teoranta iompair agus imeallú. Díríonn SMOOTY ar ion-soghluaisteacht a fheabhsú, lena gcabhraítear le cónaitheoirí gluaiseacht laistigh de réigiún tuaithe ach dea-chleachtais a chuireann le hinrochtaineacht, le hiomaíochas, agus le beogacht an phobail a shainaithint agus a mhalartú.

Maidir le Réigiún an Deiscirt, áit ina bhfuil pátrúin lonnaithe tuaithe scaipthe mar dhúshláin mhóra iompair, tá SMOOTY ag teacht le sainordú an Tionóil d'fhorbairt chothrom, inbhuanaithe. Sna príomhghníomhaíochtaí áirítear anailís chríche, a cuireadh i láthair ag an gComhdháil Tosaigh in Livorno, lena leagtar béim ar bhearnaí soghluaisteachta áitiúla. Chomh maith leis sin, chuir an Tionól le feabhsuithe beartas, caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara, agus iarrachtaí chun acmhainn an phobail a fhorbairt lena spreagtar comhoibriú i measc údarás iompair, eagraíochtaí tuaithe agus pobal áitiúil.

Neartaíodh tuiscint réigiúnach ar shamhlacha soghluaisteachta nuálacha leis an tionscadal trí cheardlanna, malartú eolais agus dea-chleachtais na hEorpa a shainaithint. Beidh na torthaí luaithe sin mar threoir amach anseo do straitéisí soghluaisteachta Thionól Réigiúnach an Deiscirt, lena n-áirítear iompar a fhreagraíonn don éileamh agus moil tuaithe soghluaisteachta, lena gcuirtear le hinrochtaineacht fhadtéarmach agus le hathléimneacht ar fud Réigiún an Deiscirt.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi SMOOTY:

Oonagh Messette, Oifigeach Gníomhach
Thionscadail an AE

omessette@southernassembly.ie

Suíomh gréasáin:

www.southernassembly.ie/eu-project/smooty

PROXIMITIES

Forléargas

Díríonn Tionscadal Interreg na hEorpa PROXIMITIES ar chaighdeán na beatha i gceantair uirbeacha imeallacha trí iad a dhéanamh níos inrochtana, níos inbhuanaithe agus níos inmharthana. Tacaíonn PROXIMITIES le seachadadh Phlean Corparáideach 2025–2029, go háirithe Sprioc 3 (réigiún inmharthana), Sprioc 2 (forbairt aeráid-díonach), agus Sprioc 4 (rialachas réigiúnach agus comhoibriú páirtithe leasmhara).

Cuirtear chun cinn, leis an tionscadal, cur chuige bunaithe ar fhogasacht maidir le pleanáil, nuair a bhíonn seirbhísí riachtanacha, fostaíocht agus fónais suite níos gaire do dhaoine. Leis an gcur chuige sin, freagraítear ar na príomhdhúshláin i Réigiún an Deiscirt, lena n-áirítear forbairt fho-uirbeach isealdlúis, spleáchas ar ghluaisteán agus rochtain neamhchothrom ar sheirbhísí. Chomh maith leis sin, tacaítear le tosaíochtaí pleanála náisiúnta agus réigiúnaí, lena n-áirítear dlúthfhás agus soghluaisteacht inbhuanaithe.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025

In 2025, chuir Tionól Réigiúnach an Deiscirt a rannpháirtíocht i dTionscadal PROXIMITIES chun tosaigh trí mheán caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara, malartaithe eolais agus forbartha beartas.

Cuireadh an tionscadal i láthair ag Seimineár Oiliúna Chumann Réigiún na hÉireann i mBaile Átha Luain i bhFeabhra 2025. Tugadh le chéile breis agus 270 tosaíre ag an imeacht, lena n-áirítear comhaltaí tofa, lucht déanta beartas, agus páirtithe leasmhara réigiúnacha, agus cuirtear deis ar fáil chun béim a leagan ar ionchur an tionscadail i gcomhfhorbairt áite inbhuanaithe agus rialachas réigiúnach.

In Aibreán 2025, d'óstáil an Tionól an dara cruinniú de Ghrúpa na bPáirtithe Leasmhara Réigiúnacha i bPort Láirge. Tugadh le chéile ionadaithe ó údarais áitiúla, ó ghníomhaireachtaí náisiúnta, ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta leis sin. Bhí an cruinniú dírithe ar chomhroinnt eolais, dea-chleachtais ó chomhpháirtithe Eorpacha a phlé, agus cuir chuige chun inrochtaineacht, nascacht agus inmharthanacht a fheabhsú ar fud an réigiúin a phlé.



Turas Thriantán Lochlannach Phort Láirge leis na Páirtithe Leasmhara Réigiúnacha, lena leagtar béim ar athnuachan uirbeach agus caomhnú oidhreachta, Aibreán 2025

I mBealtaine 2025, cheiliúr an Tionól Lá na hEorpa agus a chomóradh deich mbliana trí PROXIMITIES a chur os comhair an phobail mar thionscadal suaitheanta na hEorpa. Leagadh béim leis sin ar thábhacht an chomhoibrithe Eorpaigh chun tacú le forbairt réigiúnach agus léiríodh aillniú an tionscadail le tosaíochtaí straitéiseacha amhail gníomhú ar son na haeráide, soghluaisteacht inbhuanaithe agus caighdeán na beatha.

Chomh maith leis sin, d'óstáil an Tionól cuairt staidéir idir-réigiúnach i gCorcaigh i mBealtaine 2025, agus cuireadh fáilte roimh chomhpháirtithe tionscadal ar fud na hEorpa. Léiríodh leis an gcuart samplaí d'athnuachan faoi threoir an phobail, tithíocht inbhuanaithe agus forbairt uirbeach ionchuimsitheach. Chomh maith leis sin, áiríodh máistir-rang ar chomhfhorbairt áite inbhuanaithe agus léiriúcháin ar chuir chuige maidir le dlúthfhás, lena dtacaítear le foghlaim chomhroinnte idir na réigiúin.

I nDeireadh Fómhair 2025, réachtáladh an tríú chruinniú Ghrúpa na bPáirtithe Leasmhara Réigiúnacha i bPort Láirge. Bhí an seisiún dírithe ar an bhfoghlaim idir-réigiúnach a chur i bhfeidhm ar fhorbairt beartas agus áiríodh obair chomhoibríoch ar an gCreat Áiteanna Inbhuanaithe, uirlis réigiúnach atá á forbairt chun tacú le comhfhorbairt áite inbhuanaithe agus inrochtaineacht seirbhís fheabhsaithe.

An Tionchar agus na Chéad Chéimeanna Eile

Trí pháirt a ghlacadh in PROXIMITIES, tá cumas Thionól Réigiúnach an Deiscirt á neartú chun tacú le húdarais áitiúla chun pobail atá níos inbhuanaithe agus níos nasctha a sholáthar. Tá an tionscadal ag cur le forbairt uirlisí beartas praiticiúla, comhoibriú méadaithe le páirtithe

leasmhara, agus an malartú eolais ag leibhéal na hEorpa.

Beidh obair amach anseo dírithe ar chuir chuige réigiúnacha beartas a bheachtú, an Creat Áiteanna Inbhuanaithe a thástáil i gceantair phíolótacha, lena neartaítear rannpháirtíocht an phobail, agus lena gcuirtear le hinrochtaineacht ar sheirbhísí i gceantair uirbeacha imeallacha.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi PROXIMITIES:

Áine Whelan, Oifigeach Thionscadail an AE:

awhelan@southernassembly.ie

Suíomh gréasáin:

www.southernassembly.ie/eu-project/proximities

Comhar i Muir Éireann a Fhorbairt



Forléargas

Is tionscadal dhá bhliain é Comhair i Muir Éireann a Fhorbairt, nó DISC, á threorú ag Tionól

Réigiúnach an Deiscirt le comhpháirtithe ó Oifig Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann, Rialtas na Breataine Bige agus Rialtas na hAlban. Tá DISC á thacú ag PEACEPLUS, clár arna bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE.

Is é príomhaschur an tionscadail ná Straitéis agus Plean Gníomhaíochta le haghaidh comhoibriú trasteorann idir Éirinn, Tuaisceart Éireann, Alban agus an Bhreatain Bheag amach anseo. Tá an tionscadal ar siúl ó Mheán Fómhair 2024 go Lúnasa 2026 agus tá an deis á cur ar fáil do chomhpháirtithe chun cur chuige réamhghníomhach agus oscailte a bheith acu i dtaca le comhoibriú Thuaidh-Theas agus Soir-Siar amach anseo agus naisc níos láidre a chothú idir na ceithre dhlínse. Tá DISC ag feidhmiú mar chainéal le haghaidh faisnéise, lena gcuirtear sásra ar leith agus luachmhar don phlé oscailte agus iniúchadh agus comhroinnt eolais, lena nasctar na daoine atá ag tabhairt faoi ghníomhaíocht trasteorann agus déantús beartais straitéisigh sa cheithre dhlínse.

Tá DISC á thacú faoi théama infheistíochta PEACEPLUS 6.1 'Comhpháirtíocht agus Comhoibriú a Chruthú agus a Neadú' atá dírithe ar na caidrimh oibre idir Thuaisceart Éireann agus Éirinn mar aon leis na naisc Soir-Siar atá ag dul i méid a chaipitliú. Tá comhoibriú laistigh de na trí réimse téamacha tosaigh - Geilleagar Gorm Inbhuanaithe, Nuálaíocht sna hEolaíochtaí Sláinte agus na Beatha, Pobail agus Cultúr á phlé ag DISC - agus táthar fós oscailte chun réimsí téamacha eile a phlé.



Rebecca Evans MS, Rúnaí Comh-aireachta Geilleagair, Fuinnimh agus Pleanála, Rialtas na Breataine Bige (chun tosaigh agus sa lár) ag Siompóisiam DISC in Caerdydd, arna óstáil ag Rialtas na Breataine Bige ar an 06 Samhain 2025 le baill d'fhoireann thionscadal DISC ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt, ó Oifig Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann, Rialtas na Breataine Bige agus Rialtas na hAlban.

Tacaíonn tionscadal DISC le seachadadh Phlean Corparáideach 2025–2029 agus tá sé ag teacht lenár dtiomantas chun rialachas réigiúnach a neartú, leas a bhaint as deiseanna réigiúnacha, agus comhoibriú na bpáirtithe leasmhara.

Príomhghníomhaíochtaí in 2025

Reáchtáladh dhá Shiompóisiam DISC trasteorann in 2025. Bhí an chéad cheann i mBéal Feirste arna óstáil ag Oifig Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann i mBealtaine agus bhí an dara ceann in Caerdydd arna óstáil ag Rialtas na Breataine Bige i Samhain. Ag an dá Shiompóisiam tugadh le chéile ceannasaithe réigiúnacha, comhpháirtithe agus nuálaithe ó rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, ón saol acadúil, ó ghnó agus ón tsochaí shibhialta sna ceithre dlínse chun na dúshláin a phlé agus chun deiseanna i dtaca lenár gcomhoibriú amach anseo a shainaithint agus chun an chaoi is féidir linn ré nua comhoibre idir Éirinn, Tuaisceart Éireann, an Bhreatain Bheag agus Albain a phlé. Is garspriocanna suntasacha iad na Siompóisiamáí don chomhoibriú idir ár gcomhpháirtithe i réigiún Mhuir Éireann agus cuirfear le forbairt Straitéis agus Phlean Gníomhaíochta DISC.

Chomh maith leis sin, in 2025 rinneadh tagairt do thionscadal DISC i 'Ráiteas Comhroinnte Éireann-na Breataine Bige 2030', creat comhoibrithe idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag ar aghaidh go 2030 agus a foilsíodh in Iúil 2025. Rinneadh tagairt do DISC chomh maith i 'gCreat um Chomhoibriú

comhaontú Déthaobhach Éireann-na hAlban 2030', creat comhoibrithe idir Éirinn agus Albain ar aghaidh go 2030 agus a foilsíodh i Samhain 2025.

An Tionchar agus na Chéad Chéimeanna Eile

Tá a chumas chun rialachas réigiúnach níos nasctha a chur ar fáil agus comhoibriú níos leithne a chumasú agus deiseanna comhoibrithe ar fud Mhuir Éireann a éascú á neartú ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt, mar phríomh-chomhpháirtí DISC.

Tá imeachtaí deireanacha an tionscadail le bheith ar siúl in 2026. Óstálfaidh Rialtas na hAlbain an tríú Siompóisiam i nDún Éideann i bhFeabhra agus óstálfaidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt an ceathrú Siompóisiam agus an ceann deireanach i mBaile Átha Cliath i mBealtaine.

Beidh na himeachtaí sin agus na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara mar bhonn don Straitéis agus don Phlean Gníomhaíochta i dtaca le tuilleadh comhoibrithe trasteorann idir Éirinn, Tuaisceart Éireann, Albain agus an Bhreatain Bheag atá le foilsiú ag deireadh an tionscadail i Lúnasa 2026.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi DISC:

Samantha Richardson, Oifigeach Forbartha DISC:

srichardson@southernassembly.ie

Suíomh gréasáin:

www.southernassembly.ie/eu-project/disc/



Foireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt ó Fhoireann Thionscadail an AE

Oifig Eorpach
Réigiúin na hÉireann

Oifig Eorpach
Réigiúin na hÉireann



Forléargas

Is seirbhís comhroinnte í Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann a chuireann seirbhís comhroinnte ar fáil do na trí Thionól Réigiúnacha agus na tríocha haon údarás áitiúil de chuid na hÉireann. Chomh maith leis sin, is ionann an oifig agus Comhordaitheoir Náisiúnta Toscaireacht na hÉireann go Coiste na Réigiún den AE.

Ó thaobh oibríochta de, tá an oifig mar chuid de Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre agus le tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tá an bhéim dírithe ar an AE a thabhairt níos gaire d'earnáil an rialtais áitiúil níos leithne agus a mhalairt.

Tá ról ríthábhachtach ag na trí Thionól Réigiúnacha maidir le bainistíocht agus soláthar chláir maoinithe Bheartas Réigiúnach an AE in Éirinn. Feidhmíonn na trí Thionól Réigiúnacha ar fad mar Phointí Teagmhála Náisiúnta freisin le haghaidh Cláir Chomhoibrithe Chríochaigh Eorpaigh agus glacann siad páirt i gcoistí monatóireachta na gclár sin.

In 2025 cuireadh tús le sainordú nua Choiste na Réigiún agus roghnaíodh Toscaireacht nua na hÉireann, mar aon le feabhsúchán Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann le hardú céime agus le ball foirne amháin nua araon. Thosaigh Laura Murphy, ó Chill Chainnigh ó dhúchas, in Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann sa Bhruiséil mar Oifigeach Cléireachais D'oibrigh Laura le Comhairle Contae Chill Chainnigh cheana féin.

Lean an Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann lena straitéis a sholáthar a bhfuil sé mar aidhm aici go gcuireann an oifig comhairle agus eolas tráthúil agus straitéiseach ar fáil maidir le forbairtí i mbeartais an AE chuig na trí Thionól Réigiúnacha agus na húdaráis áitiúla in Éirinn agus go gcomhordaíonn sí agus go dtacaíonn sí le Toscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún.

Feasacht agus Cumarsáid a Ardú

I ndiaidh cheapachán Thoscaireacht nua na hÉireann go Coiste na Réigiún, d'óstáil Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann ionductú lae i mBaile Átha Cliath do na Comhaltaí go léir chun cur lena f(h)easacht agus lena t(h)uisicint.

I bhFeabhra 2025, d'fhreastail Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann ar sheimineár oiliúna bliantúil Chumann Réigiúin na hÉireann i mBaile Átha Luain dar teideal 'Todhchaí na Réigiún a Spreagadh: Rialachas, Inbhuanaitheacht agus



Baill den toscaireacht ag cuairt Uachtarán Choiste na Réigiún de chuid an AE go Baile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair 2025



An Comhairleoir Michael Collins, an Comhairleoir Fergal Dennehy, Bill Kelleher FPE, Teresa Lennon (IREO), agus Tadhg Browne (IREO) ar thuras staidéir Thionól Réigiúnach an Deiscirt go dtí an Bhruiséil in Aibreán 2025.

Tionchar Bunaithe ar Áit. Le linn na bliana, chuir Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann sé nuachtlitir le chéile, lena leagtar béim ar obair Choiste na Réigiún, thoscaireacht na hÉireann, beartas an AE agus forbairtí maoinithe, mar aon le himeachtaí a bhaineann leis an AE in Éirinn agus ar fud na hEorpa.

I Samhain 2025, d'fhoilsigh Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann ailt san [Irish Independent](#) agus in The Irish Times lena leagtar béim ar chuairt Uachtarán Choiste na Réigiún go hÉirinn i nDeireadh Fómhair 2025.

Tionchar a Imirt ar Bheartas na hEorpa

B'ionann ceann de bhuaicphointí 2025 agus cuairt Uachtarán Choiste na Réigiún de chuid an AE go Baile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair 2025. Is é aidhm na cuairte sin ná buaileadh le hAire Stáit i Roinn an Taoisigh, sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus sa Roinn Cosanta, Thomas Byrne TD, agus chun béim a leagan ar thábhacht an Pholasaí Comhtháthaithe sa phlé maidir le Buiséad AE Amach Anseo i ndiaidh 2027. Bhí Ceannasaí Thoscaireacht na hÉireann, an Comhairleoir Gillian Coughlan, in éineacht leis an Uachtarán.

Le linn na bliana, reáchtáladh cruinnithe rialta ag Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann le Comhaltaí Pharlaimint na hEorpa agus le Comhaltaí Buanionadaíocht na hÉireann chun coinneáil suas le forbairtí ar bheartas an AE agus rinne siad cinnte go ndearnadh plé le húdaráis áitiúla agus le tionóil réigiúnacha na hÉireann. B'amhlaidh seo

agus cás thodhchaí bheartas comhtháite tar éis 2027.

Tá Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann ina ball gníomhach de ghrúpáil EURegions4Cohesion ina bhfuil 149 réigiún ar fud an AE ag iarraidh buiséad atá soiléir, éagsúil agus imfhálaithe do bheartas comhtháthaithe. Mar chuid den ghrúpáil sin, chuir an Comhairleoir Declan McDonnell, Comhalta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus Comhalta Choiste na Réigiún, ról Réigiúin na hÉireann in iúl ag imeacht i Samhain 2025 i bParlaimint na hEorpa.

Cumas, líonraí agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt

Lean le hOifig Eorpach Réigiúin na hÉireann ag bualadh le réimse eagraíochtaí sa Bhruiséil chun obair réigiúin na hÉireann a chur chun cinn. Tá an oifig páirteach i [Líonra na bPríomh-Chathracha agus Réigiúin](#) agus tá sé mar aidhm aige a chinntiú go gcuirtear tuairimí cathracha agus réigiúin na hÉireann i láthair in institiúidí an AE, go háirithe a dtuairimí maidir le beartas réigiúnach.

Tá Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann ag tabhairt comhairle d'údarais áitiúla ar bhonn rialta ar na cineálacha líonraí ar féidir leo cabhrú le tuiscint ar bheartas an AE agus clár mhaoinithe, chomh maith le cabhrú le comhpháirtithe a fhorbairt.

Buaileann Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann le chéile le contrapháirteanna ar fud na RA trí fhreastail ar ócáidí rialta le hoifigí na Breataine Bige, na hAlban, agus Thuaisceart Éireann.

Déantar é sin le cinntiú go bhfuil cumarsáid leanúnach ann agus fiosrúchán ar aon deis comhoibrithe féideartha le húdaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile sa RA.

Le linn 2025, d'oibrigh Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann le Coiste na Réigiún chun [Clár na bPolaiteoirí Tofa Óga](#) a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Is líonra polaiteoirí é an clár seo nach bhfuil níos sine ná daichead bliain d'aois agus tá sainordú acu ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil san AE.

Bhí an-áthas ar Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann páirt a ghlacadh i ndíospóid pholaitiúil Líonra na bPríomh-Chathracha agus Réigiúin “Tithíocht ar mhaithe le Leas an Phobail: Rialachas Tithíochta Inbhuanaithe i gCathracha agus i Réigiúin na hEorpa”. Ghlac an Comhairleoir Dermot Lacey, comhalta Thoscaireacht na hÉireann agus Comhairleoir Chathair Bhaile Átha Cliath páirt ar phainéal cainteoirí an imeachta mar aon le hionadaithe ón mBriséil, ó Ríga agus ó Amstardam.


Cur le próifíl bhuanna an Rialtais Áitiúil agus Réigiúnaigh

In 2025, d'éascaigh Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann sé thuras staidéar ardleibhéil go dtí an Bhreisíle d'údaráis áitiúla agus d'oifigigh an Tionóil Réigiúnaigh, lena dtaispeántar saineolas agus tionchar rialtas áitiúil agus réigiúnach na hÉireann ag leibhéal an AE. Toscaireachtaí ó Chomhairle Contae Chorcaí, Tionól Réigiúnach an

Oirthir agus Lár Tíre, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair i mbun plé le príomhinstitiúidí an AE, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Coiste na Réigiún agus Buanionadaíocht na hÉireann chuig an AE.

Cuireadh deiseanna ar fáil sna cláir chun réimse leathan réimsí beartais a phlé, lena n-áirítear beartas comhtháthaithe, tithíocht, fuinneamh, comhshaol, iompar, turasóireacht, tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánacha, gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú glas. Phléigh toscairí sásanna maoinithe an AE amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste um Aistriú Cóir agus Tionscnamh Uirbeach Eorpach, agus ag an am céanna i gcruinnithe le Coimisinéirí agus Feisirí Parlaimint na hEorpa, agus oifigigh shinsearacha an AE cuireadh léargas ar fáil i dtaca le próisis chinnteoireachta an AE agus tosaíochtaí na hÉireann roimh a hUachtaránacht ar Chomhairle an AE 2026.

Trí mheán na gcuartheanna sin, fuair na rannpháirtithe eolas praiticiúil maidir le plé beartais, forbairt cumais riaracháin, agus úsáid ardáin sonraí an AE chun críocha tagarmharcála agus measúnaithe. Neartaigh na heispéiris sin na ceangail idir údaráis áitiúla na hÉireann agus institiúidí an AE, leagadh béim ar luach na ndearcthaí áitiúla agus réigiúnacha i múnú bheartas na hEorpa, agus atreislodh clú na hÉireann i dtaca le rialachas réigiúnach éifeachtach i gcomhthéacs an AE.





Coiste na Réigiún



European Committee of the Regions

Forléargas

Is í Oifig Eorpach Réigiúin na hÉireann rúnaíocht le Toscaireacht na hÉireann chuig Coiste na Réigiún agus comhordaíonn sí obair chomhaltaí na toscaireachta náisiúnta chuig Coiste na Réigiún.

Maidir le tionól ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha an Aontais Eorpaigh, tá 329 comhalta ag Coiste na Réigiún ó fhiche seacht mBallstát an AE, agus toghtar iad go daonlathach agus/nó tá mandáid pholaitíochta acu ina dtír dúchais. Is é ról Choiste na Réigiún ná bonn eolais a chur ar fáil d'fhorbairt reachtaíocht an AE agus beartais na hEorpa trí ionchur na bpobal a bhfuil an ionadaíocht is mó déanta dóibh, le fócas ar réimsí beartais an AE sin agus na moltaí a théann i bhfeidhm is mó ar réigiún agus cathracha a úsáid.

Cuireann Coiste na Réigiún a thuairimí i láthair trí thuairimí nó rúin scríofa, atá forbartha i gceann amháin as sé choimisiún téamacha a chlúdaíonn na réimsí beartais seo a leanas:

- Saoránacht, Rialachas, Gnóthaí Institiúideacha agus Seachtracha
- Beartas Comhtháthaithe Críche agus Buiséad an AE
- Beartas Eacnamaíoch
- Comhshaol, Athrú Aeráide agus Fuinneamh
- Acmhainní Nádurtha
- Beartas Sóisialta, Oideachas, Fostaíocht, Taighde agus Cultúr

Bíonn cruinniú ag gach Coimisiún de ghnáth ar chúig ócáid le linn na bliana chun na tuairimí a ullmhú le hoiriúnú ag na seisiúin bhliantúla iomlánacha. Is minic a fhreastalaíonn Coimisinéirí, Airí Uachtaránachta agus Feisirí Pharlaimint na hEorpa go rialta ar chruinnithe Choiste na Réigiún, agus tá malartú leanúnach ar siúl idir institiúidí maidir le saincheisteanna beartais.

Leanann Coiste Eorpach na Réigiún le béim a leagan ar ról riachtanach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i múnú agus seachadadh bheartas an Aontais Eorpaigh. Atreisíodh an bhéim athnuaite sin ag toghadh Kata Tüttő mar Uachtarán Choiste na Réigiún i bhFeabhra 2025, lena léiríodh tiomantas leanúnach do neartú ghuthanna na réigiún agus na gcathracha ag leibhéal an AE.

Toscaireacht na hÉireann - Ionadaithe Réigiún an Deiscirt

Is é an Comhairleoir, Michael Murphy Ceannasaí Thoscaireacht na hÉireann don sainordú nua ó 2025 – 2030, ionadaí Thionól Réigiúnach an Deiscirt ó Chomhairle Contae Chorcaí agus tá liosta thíos d'ionadaithe Choiste na Réigiún do Réigiún an Deiscirt le haghaidh 2025 - 2030.

Comhaltaí Iomlána	An Comhairleoir Gillian Coughlan (Ceannasaí na Toscaireachta) An Comhairleoir Clare Colleran Molloy An Comhairleoir Bridín Murphy
--------------------------	---

Comhaltaí Eile	An Comhairleoir Dan Boyle An Comhairleoir Fergal Dennehy An Comhairleoir Joe Hannigan An Comhairleoir Kieran McCarthy
-----------------------	--

Is féidir tuilleadh eolais faoi Thoscaireacht na hÉireann a aimsiú ag www.ireo.eu

Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Cuntas loncaim agus Caiteachais amhail an 31 Nollaig 2025

	2024 €	2025 €
Ioncam		
Ranníocaíochtaí na nÚdarás Áitiúil	1,577,867	2,000,991
Fórchúitheamh Cúnaimh Theicniúil	928,466	979,013
Fórchúitheamh Interreg	2,225	61,444
Fórchúitheamh Tuarastail – Cláir/Tionscadail AE	279,425	169,044
Fórchúitheamh Taistil – Cláir/Tionscadail AE	7,303	28,894
Fórchúitheamh Ginearálta Cláir/Tionscadail AE	175,580	71,869
Scéim Deontas Ionad Uirbeach Ainmnithe	2,723,506	6,260,735
Táillí Rialaithe Céad Leibhéal (RCL)	121,240	153,289
Táillí Comhdhála Chumann Réigiúin na hÉireann (CRÉ)	19,990	7,500
Leithdháileadh Párolla Údaráis Áitiúla	59,601	143,685
Ilchineálach	4,706	-15,100
Díbhinn (IPB)	1,176	3,264
Iomlán	5,901,085	9,864,628
Caiteachas		
Costais Párolla	2,277,332	2,875,926
Scéim SSP Aoisliúntais	45,901	60,655
Taisteal agus Maireachtáil - Foireann	149,173	185,643
Liúntas Bliantúil na gComhaltaí	72,038	91,511
SPA Comhaltaí / Taisteal Eile	3,330	3,595
Oiliúint Comhaltaí / Liúntas Comhdhála	14,063	13,992
Trealamh agus Soláthairtí Oifige	40,036	35,611
Costais Fuinnimh	19,445	17,348
Post agus Teileafón	17,477	19,503
Rátaí agus Táillí Uisce	6,285	6,09
Costais Deisithe, Cothabhála agus Oifige	11,155	10,801
Táillí Comhairliúcháin/Gairmiúla	37,346	136,201
Conarthaí Bliantúla	103,425	115,026
Árachas	17,030	18,086
Tuarascáil Bhliantúil agus Plean Corparáideach	8,018	11,282
Faisnéis agus Cumarsáid	155,689	134,756
Ranníocaíochtaí/Táillí/Tobhaigh (GBRÁ)	8,471	8,471
Ócáid Chumann Réigiúin na hÉireann (CRÉ)	32,969	823
Táillí Bainc	813	860
Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine	9,297	4,391
SRSE Pleanáil Réigiúnach	172,505	87,106
Muirear Dímheasa	4,174	7,129
Costais Athchóirithe	0	344
Scéim Deontas Ionad Uirbeach Ainmnithe	2,723,506	6,260,735
Líonra Comhar Críche Eorpach (CCE)	0	1,250
CBL	13,155	38,754
Lónadóireacht Inmheánach	0	468
Ilchineálach	11,510	15,658
Costais Iomlána	6,014,027	10,162,014
Barraíocht loncaim thar Caiteachas	-112,942	-297,386

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2025

	2024 €	2025 €
Sócmhainní Seasta	1,016,295	1,019,079
Sócmhainní Reatha		
Airgead Tirim ag an mBanc	2,551,103	2,197,193
Féichiúnaithe	343,376	445,348
	2,894,479	2,642,541
Dliteanais Reatha		
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	198,475	209,505
Cárta Creidmheasa	542	465
	199,018	209,970
Glan-Sócmhainní Reatha	2,695,461	2,432,570
Glan-Sócmhainní	3,711,756	3,451,649
<u>Maoinithe ag</u>		
Iarmhéid ag tús na bliana	3,765,818	3,711,756
Athrú ón mbliain roimhe	0	0
Barraíocht Ioncaim thar Caiteachas	-112,942	-297,386
Cúlchiste Aoisliúntais	58,880	58,880
	3,711,756	3,473,250



Foireann Thionól Réigiúnach an Deiscirt 2025

David Kelly
Kevin Lynch
Enda Hogan
Cormac Lapthorne
Dominic Walsh
Brigh Ryan
Padraig O'Shea
Eoin O'Connor
Kevin Twomey
Mary Molloy
Michael Buckley
Rose Power
Marie Harnett
Ronan O'Brien
Anna Sellars
Naomi Flood
Sarah Davoren
Ian Ludlow
Eve Hayden
Breda Curran
Edel Hunt
Samantha Richardson
Catherine Cullimore
Lisa Slater
Elayne McDonnell
Áine Whelan
Colm Walsh
Rhiannon Carey Bates
Oonagh Messette
Elizabeth Howard
Yvonne Cooney
Pauline Toomey
Denis Cotter
Gary Burke
Róisín Slattery
Elaine Gallagher
Anna Higgins
Maria Murphy
Omer Sunguroglu
Claire Breen
Adam Hearne
Lorraine Barron
Laoise Doyle

Stiúrthóir
Stiúrthóir Cúnta
Stiúrthóir Cúnta
Stiúrthóir Cúnta
Oifigeach Pleanála Réigiúnach
Oifigeach Pleanála Réigiúnach
Oifigeach Pleanála Réigiúnach
Pleanálaí Feidhmeannach
Pleanálaí Feidhmeannach
Pleanálaí Feidhmeannach
Iniúcháir
Oifigeach Riaracháin
Oifigeach Riaracháin
Oifigeach Riaracháin
Anailísí Beartas/ Eacnamaíochta
Oifigeach Riaracháin
Feidhmeannach AE
Oifigeach Sinsearach Foirne
Rialtóir Sinsearach Céad Leibhéal
Oifigeach Forbartha
Rialtóir Sinsearach Céad Leibhéal
Oifigeach Forbartha
Oifigeach Tionscadal
Oifigeach Cumarsáide/Tionscadal
Rialtóir Sinsearach Céad Leibhéal
Oifigeach Thionscadail an AE
Oifigeach Tionscadal AE Gníomhach
Oifigeach Thionscadail an AE
Oifigeach Tionscadal AE Gníomhach
Oifigeach Thionscadail an AE
Oifigeach Cúnta Foirne
Oifigeach Cúnta Foirne
Oifigeach Cúnta Foirne
Socrúchán Céimí
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Cléireachais

Aguisíní

Gluais Téarmaíochta

Clr Comhairleoir

DISC Comhar i Muir Éireann a Fhorbairt

CFRE Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

CCE Comhar Críochach Eorpach

AE An tAontas Eorpach

RCL Rialú Céad Leibhéal

MS Microsoft

ECFE An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

TD Teachta Dála (comhalta de Pharlaimint na hÉireann)

EOECNA Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na hacrainmneacha a fháil ag [Tionól Réigiúnach an Deiscirt](#)

